

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh

**Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae
agus Chathair Luimnigh 2022-2028**

Arna ghlacadh Meitheamh 2022



Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh

Clár Ábhair

1	Réamhrá	1
1.1	Forbhreathnú	1
1.2	Measúnú Riachtanas Éileamh Tithíochta (HNDA) 1	
1.3	Modheolaíocht	4
1.4	Modheolaíocht um Sprioc Sholáthar Tithíochta	5
2	Tírdhreach Straitéiseach, Reachtaíochta agus Beartais	6
2.1	Reachtaíocht agus Beartas Náisiúnta	6
2.1.1	An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000	6
2.1.2	Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) (Uimh. 3) 2018 6	
2.1.3	An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus um Thionóntachtaí Cónaithe 2016	7
2.1.4	An tAcht um Thithíocht Inacmhainne 2021	7
2.1.5	Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009	7
2.1.6	Tionscadal Éireann 2040 - Creat Náisiúnta Pleanála	7
2.1.7	Treochlár Forfheidhmithe don Chreat Náisiúnta Pleanála	8
2.1.8	Tionscadal Éireann 2040 - Plean Forbartha Náisiúnta 2021 - 2030	9
2.1.9	Modheolaíocht Sprioc Soláthair Tithíochta do Pheanáil Forbartha (Nollag 2020)	9
2.1.10	Tithíocht Uirbeach Inbhuanaithe: Treoirlínte um Chaighdeán Dearaidh d'Árasáin Nua d'Údarás Pheanála (2020)	10
2.1.11	Atógáil Éireann– An Plean Gníomhaíochta um Thithíocht agus Easpa Dídine, 2016	11
2.1.12	Tithíocht do Chách (2021) / Clár don Rialtas: Ár dToghcháin Roinnte (2020)	11
2.1.13	Straitéis Náisiúnta um Athúsáid Tithíocht Fholamh 2018-2021	12
2.1.14	Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2011-2016	13
2.1.15	Meamram ar Ullmhú, Glacadh agus Cur chun Feidhme Chláir Údarás Áitiúil don Lucht Siúil, 2009	13
2.1.16	Roghanna Tithíochta dár nDaonra atá ag Dul in Aois (2018)	13
2.1.17	Am chun dul ar aghaidh ó Láithreáin Chomhchruinnithe: Straitéis um Chuimsiú Pobail (2011)	14
2.1.18	Tithíocht a Dhearadh chun Freastal ar Riachtanais Gach Duine (2019)	14
2.1.19	Plean Gnímh don Aeráid 2019	14
2.1.20	Cairt Gníomhaíochta Aeráide	15
2.1.21	An tAcht fán nGníomhaireacht Forbartha Talún 2021	15
2.2	Beartais Réigiúnach	15
2.2.1	Straitéis Spásúlachta agus Eacnamaíoch Réigiúnach (RSES) do Réigiún an Deiscirt (2020)	15



Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh

Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh	
2.2.2	Plean Straitéiseach Cheantar Cathrach Luimnigh-na Sionainne 16
2.2.3	Dréacht Straitéis Iompair Cheantar Cathrach Luimnigh-na Sionainne 2040 16
2.2.4	Plean Straitéiseach Cheantar an Mheán-Iarthair 2012-2030 17
2.3	Beartas Áitiúil 17
2.3.1	Plean Forbartha Chathair Luimnigh 2010-2016 17
2.3.2	Plean Forbartha Chontae Luimnigh 2010- 2016 18
2.3.3	Comhstraitéis Tithíochta 2011-2017 18
2.3.4	Plean Corparáideach Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh 2019-2024 19
2.3.5	Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail Luimnigh 2016-2021 19
2.3.6	Luimneach 2030 - Plean Eacnamaíoch agus Spásúlachta do Luimneach 20
2.3.7	Straitéis Aoisbhá Luimnigh 2015-2020 20
2.3.8	Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019-2024 20
2.3.9	Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide de chuid Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh 2019-2024 21
2.3.10	Pleananna Ceantair Áitiúil Chontae Luimnigh 21
2.3.11	Plean Ceantair Áitiúil don Phurláin Theas 2021-2027 21
2.3.12	Plean Chur Chun Feidhme um Athghiniúint Luimnigh 2023 21
3	Comhthéacs tithíochta reatha i Luimneach 23
3.1	Réamhrá 23
3.2	An margadh tithíochta reatha agus na Limistéir Mhargaidh Tithíochta (HMAanna) 23
3.2.1	HMAanna a shainiú 23
3.2.2	Forbhreathnú ar an margadh tithíochta 25
3.2.3	Díolacháin maoinne cónaithe 26
3.2.4	Margadh cíosa príobháideach 37
3.2.5	Praghsanna Cíosa 37
3.3	Forbhreathnú eacnamaíoch agus iompair reatha 45
3.3.1	Fostaíocht agus dífhostaíocht 45
3.3.2	Ioncaim reatha 55
3.4	Forbhreathnú ar an daonra reatha 57
3.5	Próifíl na dteaghlach agus na tithíochta reatha 62
3.5.1	Stoc Tithíochta agus Folúntas 62
3.5.2	Comhdhéanamh Teaghlach 63
3.5.3	Tionacht Tí 64
3.5.4	Stoc Tithíochta Sóisialta 65
4	Tithíocht sa todhchaí: riachtanas agus soláthar tithíochta réamh-mheasta 69
4.1	Réamhrá 69
4.2	Príomhionchuir: measúnú inacmhainneachta agus HNDA 71
4.2.1	Daonra na todhchaí 71
4.2.2	Éileamh Tithíochta 72
4.2.3	Anailís ioncaim 73
4.2.4	Dearcadh eacnamaíoch 74
4.2.5	Rialacha an Bhainc Ceannais 75
4.2.6	Anailís úinéireachta 78

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh

Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh

4.2.7	Anailís ar cíós	79
4.3	Measúnú inacmhainneachta	81
4.3.1	Measúnú úinéireachta	81
4.3.2	Measúnú cíosa príobháideach	83
4.3.3	Achoimre ar na riachtanais tithíochta sóisialta (agus inacmhainne) réamh-mheasta	86
4.4	Comhpháirteanna HNDA	87
4.4.1	Comhdhéanamh Teaghlaigh	87
4.4.2	Tionacht teaghlaigh	89
4.4.3	Cineál Áitribh	91
4.4.4	Tithe aonair faoin tuath	93
4.4.5	Soláthar speisialtóra	97
5	Riachtanais tithíochta i gCathair agus Contae Luimnigh a chomhlíonadh	98
5.1	Réamhrá	98
5.2	Ceanglais reatha	98
5.2.1	Measúnú ar Riachtanais Tithíochta Sóisialta	98
5.3	Freastal ar éileamh tithíochta sóisialta	99
5.3.1	Forbhreathnú	99
5.3.2	Tábla 5.3: Riachtanas tithíochta inacmhainne measta, 2020-2028 (% den iomlán, Cathair agus Contae Luimnigh)	103
5.3.3	Modhanna seachadta agus spriocanna	105
5.3.4	Athghiniúint, athbheochan uirbeach, agus riachtanas tithíochta a chomhlíonadh	107
5.4	Conclúid: freastal ar riachtanais na todhchaí	108
6	Cuspóirí beartais chun an Straitéis Tithíochta a sheachadadh	110
6.1	Prionsabail chun cuspóirí beartais Straitéis Tithíochta Luimnigh a threorú	110
6.2	Cuspóirí beartais do Straitéis Tithíochta Luimnigh 2022-2028	111

1 Réamhrá

1.1 Forbhreathnú

D'ullmhaigh KPMG Future Analytics an Straitéis Tithíochta seo thar ceann Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh chun riachtanais reachtúla an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) a chomhlíonadh. Is é cuspóir na Straitéise Tithíochta seo breac-chuntas a dhéanamh ar riachtanais tithíochta Chathair agus Chontae Luimnigh faoi láthair agus amach anseo agus bearta a leagan amach don Chomhairle chun pleanáil a dhéanamh agus aghaidh a thabhairt ar na riachtanais seo.

Leis an Straitéis Tithíochta, tugtar bonn eolais do bheartais agus do chuspóirí Phlean Forbartha Luimnigh 2022-2028, agus tá príomhról aici maidir le beartais tithíochta náisiúnta agus réigiúnacha a aistriú chuig an leibhéal áitiúil. Ón tráth ar hullmhaíodh an Chomhstraitéis Tithíochta roimhe seo¹ agus Pleananna Forbartha Cathrach agus Contae Luimnigh, tá athruithe suntasacha tagtha ar reachtaíocht agus beartas pleanála, go háirithe tabhairt isteach an Chreata Náisiúnta Pleanála (NPF) agus an Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíoch (RSES) do Thionól Réigiúnach an Deiscirt.

Ceanglaítear leis an NPF ar gach údarás áitiúil Measúnú Riachtanas Éileamh Tithíochta (HNDA) nach mór bheith faoi bhonn agus taca le hullmhú straitéisí tithíochta agus beartas tithíochta. Agus é seo á scríobh, tá an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (DHPLG) fós le treoir a fhoilsiú go foirmiúil ina leagfar amach na ceanglais a bhfuiltear ag súil leis ón HNDA. Mar sin féin, tá modheolaíocht láidir forbartha ag KPMG Future Analytics chun eolas a chur ar fáil do chinnteoireacht maidir le soláthar tithíochta reatha agus amach anseo agus infheistíocht i mbonneagar agus seirbhísí a bhaineann le tithíocht i gCathair agus i gContae Luimnigh de réir an NPF agus gach riachtanas reachtúil ábhartha eile.

1.2 Measúnú Riachtanas agus Éileamh Tithíochta (HNDA)

Glacadh le cur chuige modheolaíochta atá bunaithe ar fhianaise agus a sheasfaidh an todhchaí lena chinntiú go bhfreastalaíonn an Straitéis Tithíochta ar riachtanais tithíochta an chontae agus ar a áitritheoirí agus go bhfanfaidh sí de réir na dtreoirínte áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta. Go sonrach, tugann an NPF le fios gurb é cuspóir uirlis HNDA:

- Cuidiú le húdaráis áitiúla tuairimí straitéiseacha fadtéarmacha a fhorbairt maidir le riachtanas tithíochta i ngach tionacht.
- Bonn fianaise láidir a chur ar fáil chun tacú le cinntí faoi sholáthar nua tithíochta, infheistíocht níos leithne agus seirbhísí a bhaineann le tithíocht a threoróidh próifíl náisiúnta tithíochta fhoriomlán.
- Bonn eolais a chur faoi bheartais faoin gcion de thithíocht shóisialta agus inacmhainne a theastaíonn, lena n-áirítear an gá le cineálacha agus méideanna éagsúla soláthair.

¹ "Comhstraitéis Tithíochta do Cheantair Riaracháin Chomhairlí Cathrach agus Contae Luimnigh agus Údaráis Áitiúla an Chláir," 2011

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh


— Fianaise a sholáthar chun bonn eolais a chur faoi bheartais a bhaineann le sainthithíocht agus seirbhísí a bhaineann le tithíocht a sholáthar.

Ionchorpraítear sa HNDA sonraí socheacnamaíocha agus déimeagrafacha maidir le héileamh agus soláthar reatha i gCathair agus i gContae Luimnigh agus déanann sé réamh-mheas ar an ngá atá le teacht thar shaolré an Phlean Forbartha. Scrúdaítear san anailís spriocanna fáis / soláthair tithíochta teaghlaigh, ioncaim, acmhainn morgáiste agus inacmhainneacht cíosa, tithíocht shóisialta agus riachtanais tithíochta chomh maith le tionacht, cineál agus méid teaghaise ag baint úsáide as toimhdí fianaise-bhunaithe a bhaineann le fás fostaíochta, leibhéal ioncaim agus inacmhainneacht sa tithíocht mhargadh.

Luaitear sa NPF go bhfuil HNDAnna ann chun meastacháin leathana, fhadtéarmacha Dearadh a thabhairt ar riachtanas féideartha tithíochta sa todhchaí, seachas meastacháin bheachtais. Ina theannta sin, ligfidh creat loighciúil, seicheamhach do nuashonrú, monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh. Déanann an HNDA measúnú ar thrí chroíreimse: Daonra, Tithíocht agus Geilleagar mar atá leagtha amach i bhFigiúir 1.1. Cuirtear na céimeanna seicheamhach i láthair níos mionsonraithe i gCuid 1.3.

² Cé gur léir go léiríonn na sonraí a úsáideadh léargas ama, cuirtear anailís staitistiúil dea-chleachtais agus boinn tuisceana réasúnta i bhfeidhm agus luaitear go soiléir ar fud na straitéise iad.

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh



Figiúr 1.1: Réimsí Measúnaithe HNDA (Foinse: KPMG Future Analytics)

Commented [GNC1]: Population = Daonra
Housing = Tithíocht
Economy = Geilleagar

Soláthraíonn an cur chuige modheolaíochta measúnú láidir ar thionchair réigiúnacha agus áitiúla ar an earnáil tithíochta, amhail daonra, imirce, ioncam teaghlaigh agus fórsaí margaidh amhail éileamh agus soláthar, chun riachtanais a chainníochtú. Is iad na príomh-ionchuir fhianaise a spreagann é seo:

- **Treochtaí déimeagrafacha, inacmhainneachta agus eacnamaíochta níos leithne** - Tá úsáid réamhaisnéise eacnamaíoch nó obair eacnaiméadrach mar bhuntaca don roinn seo. Áirítear ar riachtanais sonraí comhdhéanamh teaghlaigh, Spriocanna Soláthair Tithíochta, praghsanna tithe, cíosanna, líon na gceannaitheoirí céaduaire (FTBanna) agus rátaí morgáiste iasachta go luach (LTV), gníomhaíocht eacnamaíoch agus rátaí fostaíochta srl.
- **Brúnna Próifíle Stoc Tithíochta (agus riachtanas reatha) agus saincheisteanna bainistíochta** - Is éard atá i gceist leis seo ná tabhairt faoi phróifíl mhionsonraithe den stoc tithíochta áitiúil, lena n-áirítear tithíocht údaráis áitiúil, chun na príomhcheisteanna a bhaineann le soláthar agus éileamh, áitribh fholmha agus áitíocht, stoc neamhéifeachtach agus riocht foriomlán a shainnithint chomh maith le tosaíochtaí do bhainistíocht stoic amach anseo. Tá gá le faisnéis maidir le méid na n-áitreabh, an cineál teaghaise, riocht na n-áitreabh agus brúnna stoic (láimhdeachas stoic áitíochta/ tearc-áitíochta, srl.).

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh

- **Riachtanas agus Éileamh Tithíochta sa Todhchaí a Réamh-Mheas** - Déantar é seo a mhiondealú mar seo a leanas: áitiú úinéara, cíos margaidh na hearnála príobháidí agus cíos sóisialta. Scrúdaítear sainriachtanais tithíochta freisin.

1.3 Modheolaíocht

Leagtar amach sa chuid seo na céimeanna seicheamhacha a bhaineann le forbairt agus le cur i bhfeidhm na samhla HNDA atá aitheanta sa NPF. Tá trí chomhpháirt sa samhaltú atá déanta ag KPMG Future Analytics thar ceann Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh mar a léirítear i bhFigiúr 1.2 agus tá an anailís bhonnline ar an staid reatha atá léirithe i gCuid 3 agus 5.2 mar bhonn agus taca leis. Tá tuilleadh faisnéise maidir leis na leibhéil spásúlachta éagsúla a ndearnadh anailís orthu le linn na samhaltaithe ar fáil i gCuid 4.



Figiúr 1.2: Forbhreathnú ar Shamhail HNDA

Scrúdaítear sa chéad chuid den samhaltú cásanna daonra réamh-mheasta do Chathair agus do Chontae Luimnigh go dtí deireadh thréimhse na straitéise. Tá daonra na todhchaí réamh-mheasta trí idirshuíomh na spriocanna mar atá leagtha amach sa Chreat Pleanála Náisiúnta (NPF) agus RSES go dtí 2040.

I gcomhar le réamh-mheastacháin daonra, leagtar amach na Spriocanna Soláthair Tithíochta mar a cheanglaítear le Treoirlínte Roinne le déanaí faoi Alt 28 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú). Déantar cur síos i gCuid 4.2.2 ar ríomh na Sprioc Soláthair Tithíochta do Chathair agus do Chontae Luimnigh de réir threoirlínte na Roinne 'Sprioc an tSoláthair Tithíochta le haghaidh Pleanáil Forbartha' (Nollaig 2020). Soláthraíonn sé seo spriocanna tréimhse straitéise agus figiúirí bliantúlaithe maidir le héileamh ar thithíocht a ndearnadh anailís orthu sa HNDA.

Baineann an tríú chomhpháirt le measúnú ar inacmhainneacht tithíochta. Tacaíonn an measúnú seo le sainiú riachtanas tithíochta sóisialta (agus inacmhainne) don údarás áitiúil le linn thréimhse na straitéise de réir na gcéimeanna sin atá leagtha amach i dTábla 1.1 leis an eolas ábhartha curtha i láthair i gCuid 4.3.

Ina dhiaidh sin, rinneadh anailís maidir le sainriachtanais na dteaghlach breise a bhfuiltear ag súil leo mar atá leagtha amach sa NPF maidir le fórsaí an mhargaidh reatha, comhdhéanamh, tionacht, cineál teaghaise chomh maith le teaghaisí aonair tuaithe agus soláthar speisialtóireachta. Cuirtear an fhaisnéis seo i láthair i gCuid 4.4.

I gCuid 5, déantar achoimre agus sintéis ar aschuir na hanailíse agus déantar breithniú ar bhealaí chun freastal ar riachtanas, agus i gCuid 6, leagtar amach na cuspóirí beartais do sheachadadh na Straitéise Tithíochta seo.

1.4 Modheolaíocht um Sprioc Sholáthar Tithíochta

Mar chuid de phróiseas an phlean forbartha, ní mór d'údarás phleanála an bealach a bhfuil a bplean comhsheasmhach leis an NPF agus réamh-mheastacháin daonra Treochlár Feidhmithe NPF bunaithe dá limistéar údaráis áitiúil a thaispeáint. I mí na Nollag 2020, d'eisigh an DHLGH treoirlínte chun cabhrú le húdarás phleanála na réamh-mheastacháin seo a ionchorprú in ullmhú pleananna forbartha agus straitéisí tithíochta i gcur chuige comhsheasmhach agus comhleanúnach.

Tógann na Treoirlínte seo ar thaghdhe a rinne an Institiúid um Thaighde Eacnamaíoch agus Sóisialta (ESRI) ar dhéimeagrafaic réigiúnacha agus éileamh struchtúrtha tithíochta ar leibhéal contae. Cuireann taighde ESRI samhail teilgean i bhfeidhm ar cheithre chás forbartha éagsúla, lena n-áirítear 'Cás Cathrach NPF 50:50.' Luaitear i dTreoirlínte Alt 28 "go bhfuil cás na Cathrach de chuid an NPF 50:50 ag teacht go ginearálta le straitéis an Chreata Pleanála Náisiúnta agus dá réir sin le doiciméad 'Treochlár' 2018 an NPF". Mar sin, tugann Treoirlínte Alt 28 le fios gurb é seo an cás éilimh tithíochta a mholtar a úsáidfidh údaráis áitiúla chun pleanáil do sholáthar tithíochta chun freastal ar leibhéal réamh-mheasta éilimh.

Dá bharr sin, ní mór d'údarás phleanála a léiriú anois an modh ina bhfuil a gcroí-straitéis agus gnéithe eile den phlean ag teacht le réamh-mheastacháin daonra an Treochláir NPF dá limistéar údaráis áitiúil agus dá réir sin, le cás réamh-mheastachán éileamh tithíochta cathrach NPF 50:50 arna sainathint ag an ESRI.

Socraítear sna Treoirlínte modheolaíocht chun réamh-mheastacháin daonra agus tithíochta a chur i bhfeidhm i bpróisis phlean na n-údarás áitiúil. Dá réir sin, tá Sprioc Soláthair Tithíochta ríofa ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh don limistéar údaráis áitiúil atá le cur i bhfeidhm ag KPMG FA sa Straitéis Tithíochta seo agus sa HNDA, atá leagtha amach i gCuid 4.2.2.

2 Tírdhreach Straitéiseach, Reachtaíochta agus Beartais

2.1 Reachtaíocht Náisiúnta agus Beartas

2.1.1 An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000

Faoi Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) ceanglaítear ar Údarás Áitiúla a chinntiú go bhfuil Pleananna Forbartha comhsheasmhach le beartais straitéiseacha ardleibhéal agus réamh-mheastacháin náisiúnta daonra. Mar sin tá sé mar aidhm ag Pleananna Forbartha Croí-Straitéis a ionchorprú ina léirítear comhsheasmhacht le cuspóirí ábhartha náisiúnta agus réigiúnacha mar atá leagtha amach sa Chreat Pleanála Náisiúnta agus sna Straitéisí Réigiúnacha Spáis agus Eacnamaíochta.

Ceanglaítear ar Údarás Áitiúla freisin Straitéis Tithíochta a ullmhú agus a ionchorprú ina bPlean Forbartha, arb é an cuspóir atá leis ná a chinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais tithíochta an daonra reatha agus sa todhchaí i limistéar an phlean forbartha. Luaitear san Acht:

“... Ba cheart go dtabharfadh gach straitéis tithíochta aird ar phleanáil cheart agus ar fhorbairt inbhuanaithe ceantair agus ba cheart go mbeadh baint acu le soláthar foriomlán na tithíochta laistigh den údarás pleanála”.

Sonraítear san Acht freisin nach mór do Straitéisí Tithíochta na nithe seo a leanas a bhreithniú:

- An gá le tithíocht shóisialta atá ann faoi láthair agus is dócha a bheidh ann sa todhchaí;
- An gá lena chinntiú go bhfuil tithíocht ar fáil do dhaoine a bhfuil leibhéal éagsúla ioncaim acu;
- An gá lena chinntiú go mbeidh meascán de chineálacha agus de mhéideanna tí ar fáil chun freastal ar riachtanais na gcatagóirí éagsúla teaghlach, lena n-áirítear riachtanais speisialta daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas; agus
- An gá atá le cur i gcoinne deighilt i dtithíocht idir daoine ó chúlraí sóisialta éagsúla.

Ceanglaítear go mbeidh gach Straitéis Tithíochta comhsheasmhach le pleananna straitéiseacha ardleibhéal (amhail an Creat Pleanála Náisiúnta agus ‘Tithíocht do Chách: Plean Tithíochta nua d’Éirinn’, a foilsíodh in 2021). Ceanglaítear freisin ar Údarás Phleanála a léiriú conas a ailíníonn an Straitéis Tithíochta leis na tionscadail daonra atá sa Chroí-Straitéis agus sa Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíoch don Réigiún.

2.1.2 Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) (Uimh. 3), 2018

Nuashonrú ábhartha reachtaíochta le déanaí maidir le tithíocht is ea na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) (Uimh. 3), 2018. Foráiltear leis an Leasú go bhfuil an t-athrú sealadach ar úsáid áitribh fholmha áirithe go húsáid chónaithe díolmhaithe ón ngá atá le cead pleanála a fháil.

2.1.3 An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus um Thionóntachtaí Cónaithe 2016

Foráiltear leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus Tionóntachtaí Cónaithe 2016 bonn reachtach do bhearta a tugadh isteach faoi Atógáil Éireann: Plean Gníomhaíochta do Thithíocht agus Easpa Dídine chun tógáil forbairtí cónaithe ar scála mór a bhrosú. Baineann na “forbairtí tithíochta straitéiseacha” seo leas as próiseas mear iarratais, trína gcuirtear iarratais ar chead pleanála isteach go díreach chuig an mBord Pleanála. Tugadh an beart seo isteach faoin bPlean Gníomhaíochta Atógáil Éireann um Thithíocht agus Easpa Dídine d’fhonn an próiseas pleanála a chuichóiriú agus seachadadh aonad nua tithíochta agus cóiríochta mac léinn a bhrosú.

2.1.4 An tAcht um Thithíocht Inacmhainne 2021

Le hAcht na dTithe Inacmhainne, tugadh roinnt athruithe tábhachtacha isteach maidir le tithíocht na hÉireann. Bunaítear leis bonn reachtúil le haghaidh cineálacha nua tithíochta inacmhainne do theaghlaigh nach bhfuil in acmhainn tithíocht ar an margadh príobháideach a íoc ach atá os cionn na dtairseach cáilitheachta do thithíocht shóisialta. Is teaghaisí atá inacmhainne le ceannach iad na tionachtaí nua seo (díolta ag údarás áitiúla agus comhlachtaí eile ar chostais faoi bhun an mhargaidh) agus cíos ar chostas, foirm nua de chíos faoin margadh a bhfuil cíosanna ceangailte le costais seachadta agus faoi réir lascaine íosta i gcomparáid le cíosanna margaidh. Leasaítear leis an Acht freisin Cuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 chun ceanglas a thabhairt isteach do straitéisí tithíochta Údarás Áitiúil measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le tithíocht inacmhainne lena n-áirítear cíos ar chostas thar thréimhse plean forbartha reachtúil. Leasaítear leis an Acht ceanglais tithíochta ‘Cuid V’ chun ceanglas maidir le suas le 20% de thithíocht shóisialta agus inacmhainne a áireamh i bhforbairtí de bhreis ar cheithre aonad (a bhfuil sé beartaithe ag an Rialtas go gcuimseofaí 10% sóisialta agus 10% de réir costais cíosa agus/nó ceannach inacmhainne nuair atá údar leis).

2.1.5 Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009

Le hAcht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009, déantar leasuithe agus síneadh ar fhorálacha faoi Achtanna na dTithe 1966 go 2004 chun creat straitéiseach a sholáthar d’Údarás Áitiúla chun seirbhísí tithíochta a sheachadadh agus a bhainistiú. Ceanglaítear leis seo go nglacfaidh Údarás Áitiúla le pleananna seirbhísí tithíochta chun seachadadh agus bainistiú seirbhísí tithíochta laistigh de limistéir na nÚdarás Áitiúil a chlúdach, chomh maith le pleananna gníomhaíochta easpa dídine agus straitéisí iompair fhrithshóisialta. Soláthraíonn sé bonn reachtúil do mhodhanna oibiachtúla chun riachtanas a mheasúnú agus chun tacaíocht tithíochta sóisialta a leithdháileadh lena n-ionchorprófar méid teaghlaigh, ioncam teaghlaigh agus praghsanna tithe agus cíosa laistigh de limistéar riaracháin Údarás Áitiúil. Leis an Acht, leathnaítear freisin an bonn reachtúil do sholáthar tithíochta sóisialta ar cíos trí shocrúithe léasaithe nó conartha le tiarnaí talún príobháideacha.

2.1.6 Tionscadal Éireann 2040 - Creat Náisiúnta Pleanála

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh

Is straitéis ardleibhéil é an Creat Náisiúnta Pleanála (NPF) a mhúnlóidh fás agus forbairt in Éirinn go dtí an bhliain 2040. Soláthraíonn an NPF creat d'fhorbairt inbhuanaithe lonnaithe reatha na hÉireann, mar mhalairt ar an gcur chuige neamh-chomhordaithe “gnó mar is gnách” i leith na forbartha. Tá roinnt Cuspóirí Beartais Náisiúnta sa NPF a thacaíonn le soláthar forbartha cónaithe ar shuíomh agus ar scála oiriúnach chun sprioc iomlán de 550,000 teaghlach breise a bhaint amach ar fud na tíre faoi 2040.

Beidh measúnú ar Éileamh ar Riachtanas Tithíochta (HDNA) ag gach Údarás Áitiúil mar thaca le baint amach Cuspóirí Beartais Náisiúnta ar leibhéal Contae. Sainmhínítear HDNA mar “bhunachar sonraí a ligeann d’údarás áitiúla roinnt cásanna éagsúla a réachtáil chun eolas a thabhairt do phríomhchinnítí ar riachtanas agus soláthar tithíochta.” Soláthróidh siad meastacháin fhadtéarmacha ar riachtanais tithíochta amach anseo chun tacú le hullmhú Straitéisí Tithíochta agus chun eolas a chur ar fáil d’aschuir bheartais tithíochta. Liostaítear sa NPF roinnt príomhionchur fianaise a bheidh mar bhonn eolais agus á dtiomáint don tsamhail HDNA, bunaithe ar:

- Treochtaí déimeagrafacha, treochtaí inacmhainneachta agus treochtaí eacnamaíocha níos leithne.
- Próifíl Brúnna Stoc Tithíochta, riachtanas reatha agus saincheisteanna bainistíochta
- Riachtanas agus éileamh tithíochta sa todhchaí a mheas.

Tá an NPF spriocdírthe ar 50% den daonra náisiúnta agus fás fostaíochta sna cúig chathair agus bruachbhaile agus ceanglaítear go mbeidh ar a laghad 50% den fhás laistigh de lorg tógtha na gcathracha. Aithnítear sa phlean Luimneach mar an lárionad uirbeach is mó i réigiún an Mheán-Iarthair in Éirinn agus leagtar amach ann spriocanna uailmhianacha maidir le fás tithíochta agus tráchtála sa chathair, le 47,000-56,000 duine breise molta do Chathair Luimnigh agus na Bruachbhailte faoi 2040.

2.1.7 Treochlár Forfheidhmithe don Chreat Náisiúnta Pleanála

Sa Treochlár Forfheidhmithe don Chreat Náisiúnta Pleanála (Iúil 2018), leagtar béim ar fhócas an Rialtais ar ailíniú a bhaint amach idir beartas agus cleachtas pleanála náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Tugtar aghaidh ar shaincheisteanna maidir le stádas dlíthiúil an NPF agus cuirtear réamh-mheastacháin daonra idirthréimhseacha ar fáil don tréimhse suas go dtí 2031. Leagtar amach ann freisin sásraí lena chinntiú go mbeidh Pleananna Forbartha ag ailíniú go ginearálta leis an NPF agus leis na RSES chun dul i ngleic leis an tréimhse sé bliana suas go dtí 2026/2027. Réamh-mheastar go mbeidh méadú daonra idir 51,000 agus 61,500 i gCathair agus i gContae Luimnigh idir 2016 agus 2031, mar atá leagtha amach thíos.

Tábla 2.1: Réamh-mheastacháin daonra idirthréimhseacha don tréimhse suas go dtí 2031

	Méadú Daonra Réamh-mheasta ó 2016 ar aghaidh				
	2016	2026	2031	2026	2031
Cathair agus Contae Luimnigh	195,000	229,000 – 235,500	246,000 – 256,500	34,000 – 40,500	51,000 – 61,500

2.1.8 Tionscadal Éireann 2040 - Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030

Sa Phlean Forbartha Náisiúnta, leagtar amach tosaíochtaí infheistíochta chun spriocanna an Chreata Náisiúnta Pleanála a bhaint amach, le hinfeistíocht iomlán de thart ar €165 billiún. Rinneadh é a athbhreithniú agus a nuashonrú in 2021 chun a ailíniú le tosaíochtaí nua infheistíochta agus forbartha náisiúnta agus leis an gClár don Rialtas.

Maidir le tithíocht, sa Phlean Forbartha Náisiúnta (PFN), cuirtear maoiniú meántéarmach ar fáil chun an straitéis náisiúnta Tithíocht do Chách a sheachadadh, le thart ar €4 billiún de mhaoiniú caipitil Stáit curtha ar fáil do thithíocht bliantúil ó 2021 go 2025. Tacóidh sé seo le seachadadh na spriocanna náisiúnta i dTithíocht do Chách de thart ar 9,500 teach sóisialta nuathógtha, 4,000 teach Ceannaigh Inacmhainne agus 2,000 teach ar Cíos ar Chostas in aghaidh na bliana suas go dtí 2030. Beidh príomhról ag Údarás Áitiúla agus Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta i seachadadh tithe nua, agus cuireann an PFN maoiniú ar fáil freisin don Ghníomhaireacht Forbartha Talún chun cabhrú le tithíocht shóisialta inacmhainne a sholáthar ar shuímh mhóra phoiblí, lena n-áirítear i Luimneach. Aithnítear sa NDP bonneagar rithabhachtach freisin chun tacú le fás daonra agus tithíochta, agus beidh beagnach €6 billiún d'infheistíocht le déanamh ag Uisce Éireann thar 2021-25 (a mbeidh breis agus €4.5 billiún de maoinithe ag an Stáitchiste), chomh maith le hinfeistíocht in infratrúctúr uisce eile, lena n-áirítear 175 milliún sa Chlár Uisce Tuaithe. Tacaíonn an NDP freisin le hiarfheistiú thart ar 36,500 teach faoi úinéireacht an Údarás Áitiúil chun éifeachtúlacht fuinnimh agus athléimneacht aeráide a chur chun cinn.

Sa NDP leagtar béim mhór ar chathracha na hÉireann a fhorbairt mar ionaid do rathúlacht eacnamaíoch agus d'fhás daonra, lena n-áirítear Cathair Luimnigh, ag athdhearbhú aidhme an Chreata Pleanála Náisiúnta le féachaint le Cathair Luimnigh a fhás faoi 50% ar a laghad idir 2016 agus 2040. Tacaíonn sé le cur chun feidhme straitéis Luimnigh 2030 (féach thíos) chun forbairt uirbeach a chur chun cinn i gCathair Luimnigh. Aithnítear raon tionscadal bonneagair ar fud Chathair agus Chontae Luimnigh lena n-áirítear uasghrádú bloc bharda Ospidéal na hOllscoile, Luimneach, BusConnects Luimneach, Scéim Faoisimh Tuilte Luimnigh, tacaíocht d'infheistíocht i ngréasán bóithre Chonair an Atlantaigh lena n-áirítear an M20 Luimneach go Corcaigh, an N21/N69 Luimneach chuig Áth Dara agus Faing (le rochtain fheabhsaithe ar Chalafort na Sionainne, Fhainge), uasghráduithe ar Stáisiún Colbert, leathnú ar líonra iarrróid fo-uirbeach Chathair Luimnigh, agus feabhsuithe féideartha ar línte iarrróid Bhaile Átha Cliath-Luimneach.

2.1.9 Modheolaíocht Sprioc Soláthair Tithíochta um Phleanáil Forbartha Nollaig 2020.

Tá an NPF bunaithe ar réamh-mheastacháin déimeagrafacha agus eacnaiméadracha a rinne an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) in 2017. Tar éis foilsiú an NPF in 2018, eisíodh ciorclán 'Treochlár' an NPF chuig na húdaráis phleanála go léir, inar leagadh amach na raonta daonra contae réamh-mheasta do 2026 agus 2031. Mar chuid de phróiseas an phlean forbartha, ní mór d'údarás phleanála an bealach ina bhfuil a gcroí-straitéis agus gnéithe eile den phlean a léiriú ag teacht le réamh-mheastacháin daonra na Treochlár NPF dá limistéar údarás áitiúil.

D'fhonn an caidreamh idir réamh-mheastacháin daonra náisiúnta agus réigiúnacha agus a gcomhtháthú sa phróiseas phleanála forbartha ag leibhéal údarás áitiúil a neartú, choimisiúnaigh an Roinn an ESRI chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an obair a rinneadh roimhe seo don NPF. Foilsíodh torthaí obair

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh

an ESRI mar pháipéar taighde ar Éileamh ar Thithíocht Struchtúrtha ar Leibhéal an Chontae i mí na Nollag 2020. Tar éis é seo a fhoilsiú, foilsíodh an 'Sprioc-Mhodheolaíocht Soláthar Tithíochta do Phleanáil Forbartha: Treoirlínte d'Údarás Phleanála arna n-eisiúint faoi Alt 28 den Acht Pleanála agus Forbartha, 2000 (arna leasú).

Cuireann an taighde ESRI seo an tsamhail réamh-mheastacháin i bhfeidhm ar cheithre chás forbartha éagsúla:

- Bunlíne – réamh-mheastachán ar chás 'gnó mar is gnách' atá bunaithe ar threochtaí reatha agus réamh-mheastacháin meántéarmacha do ghilleagar na hÉireann;
- NPF Cathair 50:50 – comhsheasmhach le straitéis an NPF;
- Imirce Ard – lena n-ionchorpraítear toimhdí maidir le sreafaí imirce idirnáisiúnta arda go hÉirinn bunaithe ar fhás eacnamaíoch níos airde ná an bhunlíne; agus
- Imirce Íseal – lena n-ionchorpraítear toimhdí maidir le sreafaí imirce idirnáisiúnta níos ísle go hÉirinn bunaithe ar fhás eacnamaíoch níos ísle ná an bhunlíne.

Tá sé mar aidhm ag samhail taighde an ESRI go mbeifear in ann leibhéal struchtúracha éilimh teaghlaigh do gach limistéar údaráis áitiúil a leagan amach faoi na ceithre chás éagsúla do gach bliain go dtí 2040. Luaitear i dTreoirlínte Alt 28 go bhfuil "Cás na Cathrach de chuid an NPF 50:50 ag teacht go ginearálta le straitéis an Chreata Pleanála Náisiúnta agus dá réir sin le doiciméad 'Treochlár 2018 an NPF'".

Mar sin, i dTreoirlínte Alt 28, tugtar le fios freisin gurb é seo an cás éilimh tithíochta atá molta le húsáid ag údarás phleanála ina bhfeidhmeanna phleanála chun phleanáil a dhéanamh do sholáthar tithíochta chun freastal ar na leibhéil réamh-mheasta éilimh ina gceantar riaracháin, de réir straitéis an NPF.

Mar sin, ní mór d'údarás phleanála anois an bealach ina bhfuil a gcroí-straitéis agus gnéithe eile den phlean ag teacht le cás réamh-mheastacháin an NPF 50:50 ar éileamh tithíochta na Cathrach arna sainiúint ag an ESRI a léiriú. Chun imeacht ón gcás seo, luaitear sna Treoirlínte, ní mór dó a bheith bunaithe ar fhianaise agus comhsheasmhach leis na treoirlínte seo.

Socraítear sna Treoirlínte modheolaíocht chun réamh-mheastacháin daonra agus tithíochta a chur i bhfeidhm i bpróisis phlean na n-údarás áitiúil. Sonraítear ríomh na spriocanna soláthair tithíochta do Chathair agus do Chontae Luimnigh i gCuid 4.2.2.

2.1.10 Tithíocht Uirbeach Inbhuanaithe: Treoirlínte um Chaighdeán Dearaidh d'Árasáin Nua d'Údarás Phleanála (2020)

Luaitear sna treoirlínte go gcaithfidh Pleananna Forbartha Contae an gá atá le soláthar tithíochta a mhéadú go hinbhuanaithe a mheas go cuí agus a chinntiú go dtarlaíonn céatadán níos mó d'fhorbairt tithíochta laistigh dá limistéir thógtha atá ann cheana féin. Luaitear iontu freisin go soláthraíonn táirgeadh Measúnú ar Éileamh ar Riachtanais Tithíochta (HNDA) bonn fianaise atá cothrom le dáta agus láidir d'údarás áitiúla, lena ligtear dóibh

na sainriachtanais tithíochta/árasán a chinneadh agus a phleanáil go cuí (lena n-áirítear comhdhéanamh na dteaghlach) laistigh dá limistéar riaracháin a chlúdaíonn tréimhse a bplean forbartha reachtúil.

2.1.11 Atógáil Éireann– An Plean Gníomhaíochta um Thithíocht agus Easpa Dídine (2016)

Soláthraíonn Atógáil Éireann cur chuige ilshnáithe go sonrach chun príomhchuspóirí tithíochta a bhaint amach, lena n-áirítear méadú suntasach a dhéanamh ar an soláthar tithíochta sóisialta, an líon tógála tithíochta a mhéadú faoi 2020, freastal ar gach cineál tionachta, agus dul i ngleic le heaspa dídine. Sa phlean, leagtar amach cúig cholún a bhfuil sraith gníomhartha beartaithe ina leith chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a chuireann earnáil tithíochta scoite na hÉireann i láthair mar seo a leanas; 1. aghaidh a thabhairt ar easpa dídine, 2. dlús a chur le tithíocht shóisialta, 3. níos mó tithe a thógáil, 4. an earnáil cíosa a fheabhsú, agus 5. úsáid a bhaint as tithíocht atá ann cheana féin.

Faoin bPlean Gníomhaíochta, méadaíodh spriocanna soláthair tithíochta sóisialta go 47,000 aonad. Gheall an Plean Gníomhaíochta ról feabhsaithe do thionscnaimh reatha do sheachadadh Tithíochta Sóisialta agus tugadh isteach freisin roinnt tionscnamh agus scéimeanna nua, lena n-áirítear Tógáil & Éadail Údaráis Áitiúil (ar a dtugtar an Clár Infheistíochta Tithíochta Sóisialta (SHIP freisin), an Scéim Cúnaimh Chaipitil (CAS), an Tionscnamh um Dheisiú agus Léasú Tithíochta Foilmhe agus acmhainní breise chun Seachadadh Chuid V a mhéadú. Faoin bplean seo tá comhspríoc de 1,365 teach sóisialta ag Luimneach idir 2018-2021.

2.1.12 Tithíocht do Chách (2021) / Clár don Rialtas: Ár dTodhchaí Roinnte (2020)

Foilsíodh an 'Clár don Rialtas: ár dTodhchaí Roinnte' i mí an Mheithimh 2020 agus leagtar amach príomhspriocanna a shaothróidh an Rialtas thar a théarma. Sa Chlár seo, cuirtear béim ar bheartas tithíochta tríd an misean 'Tithíocht do Chách'. Tá 'Tithíocht do Chách' bunaithe ar ocht gcolún lena leagtar síos fis cúig bliana do bheartas tithíochta:

- Inacmhainneacht a chur i gcroílár an chórais tithíochta.
- Tosaíocht a thabhairt don soláthar méadaithe tithe poiblí, sóisialta agus inacmhainne.
- Scéim ceannaigh tí inacmhainne le tacaíocht Stáit a chur chun cinn chun úinéireacht tí a chur chun cinn.
- An stoc tithíochta sóisialta a mhéadú le níos mó ná 50,000, agus béim ar thógálacha nua.
- Dul i ngleic le heaspa dídine.
- A chinntiú go bhfuil údaráis áitiúla lárnach i soláthar tithíochta.
- Oibriú leis an earnáil phríobháideach chun a chinntiú go soláthraítear meascán agus cineál tithíochta iomchuí ar fud na tíre.

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh

- Feabhas a chur ar sholáthar agus inacmhainneacht cóiríochta ar cíós agus slándáil tionachta do chíosaithe.

Foilsíodh 'Tithíocht do Chách: Plean Tithíochta nua d'Éirinn', in 2021. Léiríonn sé plean tithíochta an Rialtais go dtí 2030, in ionad Atógáil Éireann. Athdhearbhaítear ann sprioc náisiúnta 33,000 teach nua ar an meán a thógáil gach bliain ó 2021 go 2030, lena n-áirítear thart ar 10,000 teach sóisialta agus 6,000 teach inacmhainne le ceannach nó le ligean ar cíós. Soláthraíonn sé straitéis agus plean gníomhaíochta cuimsitheach thar gach tionacht agus gné de chóras tithíochta na hÉireann, á threorú ag ceithre phríomh-chonair chun an córas tithíochta a fheabhsú:

- Tacú le húinéireacht tí agus inacmhainneacht a mhéadú
- Deireadh a chur le heaspa dídine, seachadadh tithíochta sóisialta a mhéadú agus tacú le cuimsiú sóisialta
- Soláthar tithíochta nua a mhéadú
- Aghaidh a thabhairt ar áitribh fholmha agus úsáid éifeachtach an stoic reatha

Beidh ról lárnach ag Údarás Áitiúla (i gcomhpháirtíocht le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta) maidir le tithe nua sóisialta agus inacmhainne a sholáthar faoi Thithíocht do Chách. Déanfaidh gach Údarás Áitiúil Plean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta a tháirgeadh faoi mhí na Nollag 2021 chun spriocanna náisiúnta a aistriú ina spriocanna agus ina ngníomhartha soiléire áitiúla, a mbeidh measúnú bunaithe ar fhianaise ar riachtanas áitiúil tithíochta mar bhonn agus mar thaca aige. Tá Plean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta foilsithe ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Tacaíonn an straitéis freisin le ról na Gníomhaireachta Forbartha Talún (LDA) maidir le tithe nua sóisialta agus inacmhainne a sheachadadh ar mhórshuímh faoi úinéireacht phoiblí, agus tá sé beartaithe talamh Stáit a aistriú chuig an LDA i nDuganna Luimnigh agus timpeall ar Stáisiún Colbert i gCathair Luimnigh.

2.1.13 Straitéis Náisiúnta um Athúsáid Tithíocht Fholamh 2018-2021

Foilsithe in 2018, tacaíonn an Straitéis Náisiúnta um Athúsáid Tithíocht Fholamh le Colún 5 de Atógáil Éireann: Plean Gníomhaíochta um Thithíocht agus Easpa Dídine, ag tarraingt le chéile tionscnaimh agus gníomhartha beartais ábhartha chun folúntas i stoc tithíochta na hÉireann a laghdú agus an oiread tithe ináirithe a athúsáid agus is féidir. Chun tacú leis an gCuspóir Straitéiseach foriomlán seo, leagtar amach sa Straitéis cúig phríomhchuspóir agus Príomhghníomhartha ábhartha chun tacú lena gcur i gcrích:

Cuspóir 1: *Tacair sonraí láidre, cruinne, comhsheasmhacha agus cothrom le dáta a bhunú maidir le áitribh fholmha.*

Cuspóir 2: *Bearta a thabhairt ar aghaidh chun a chinntiú, a mhéid is féidir, go mbainfear úsáid as áitribh atá folamh agus nár úsáideadh go príobháideach.*

Cuspóir 3: *Bearta a thabhairt ar aghaidh chun líon na n-áitreabh folamh a thagann chun cinn sa Stoc Tithíochta Sóisialta a íoslaghú.*

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh

Cuspóir 4: *Rannpháirtíocht leanúnach agus tacaíocht a sholáthar do phríomhpháirtithe leasmhara chun a chinntiú go bhfaightear réadmhaoine folmha oiriúnacha atá i seilbh bainc, institiúidí airgeadais agus infheisteoirí le haghaidh úsáide tithíochta sóisialta.*

Cuspóir 5: *Caidrimh thras-earála a chothú agus a fhorbairt, ag comhoibriú i gcomhpháirtíocht chun dul i ngleic le cúrsaí tithíochta foilmhe.*

2.1.14 Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2011-2016

Leagtar amach sa Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2011-2016 creat tionscnamh chun soláthar a dhéanamh do riachtanais tithíochta na dteaghlach leochaileach agus faoi mhíbhuntáiste. Tá naoi n-aidhm straitéiseacha ag an straitéis lena n-áirítear comhionannas rochtana do dhaoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus a phríomhshruthú ar an raon iomlán de roghanna tithíochta atá ar fáil a oireann do riachtanais an duine aonair agus an teaghlaigh agus prótacail agus creataí náisiúnta a fhorbairt le haghaidh comhar éifeachtach idirghníomhaireachta a éascóidh seachadadh de sheirbhísí tithíochta agus tacaíochta ábhartha atá dírithe ar dhaoine. Leathnaíodh an straitéis seo go dtí 2021 ina dhiaidh sin. Agus é seo á scríobh, tá athbhreithniú ar siúl, agus táthar ag súil go bhfoilseofar Straitéis nua Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2022-2027 in 2021.

2.1.15 Meamram ar Ullmhú, Glacadh agus Cur chun Feidhme Chláir Údaráis Áitiúil don Lucht Siúil, 2009

Soláthraíonn an meabhrán comhairle agus treoirlínte d'údaráis tithíochta maidir le hullmhú, le glacadh agus le cur chun feidhme a gcláir chóiríochta don lucht siúil faoi Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998. Cumhdaítear sa meabhrán forálacha éagsúla den Acht 1998, lena rialaítear dualgais an údaráis áitiúil maidir le cláir chóiríochta agus nithe gaolmhara a ullmhú, a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm. Ceanglaítear ar údaráis áitiúla cláir chóiríochta a ullmhú agus a ghlacadh chun freastal ar riachtanais chóiríochta reatha agus réamh-mheasta an Lucht Siúil ina gceantair agus áirítear ann pleannanna forbartha cuspóirí forlíontacha.

2.1.16 Roghanna Tithíochta dár nDaonra Aosaithe (2018)

D'fhoilsigh Rialtas na hÉireann an ráiteas beartais seo in 2018 agus leagtar amach ann tosaíochtaí beartais náisiúnta chun freastal ar riachtanais chóiríochta dhaonra na hÉireann atá ag dul in aois. Moltar ann tacú le riachtanais tithíochta daoine scothaosta trí tithe agus áiteanna atá ann cheana féin a oiriúnú agus trí phleanáil do sholáthar tithe nua amach anseo chun freastal ar an éileamh. Tugtar sé dá aire nach mór do Phleananna Forbartha na nÚdarás Áitiúil soláthar a dhéanamh do thithíocht inbhuanaithe chun freastal ar riachtanais gach saoránach agus samhlaítear go mbeidh ról tábhachtach acu de réir mar a fhorbraítear tuilleadh beartais maidir le tithe do dhaoine scothaosta.

2.1.17 Am chun dul ar aghaidh ó Láithreáin Chomhchruinnithe: Straitéis um Chuimsiú Pobail (2011)

Is éard atá in 'Am chun dul ar aghaidh ó Láithreáin Chomhchruinnithe' ná straitéis náisiúnta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) chun tacú le daoine faoi mhíchumas bogadh ó institiúidí móra (láithreáin chomhchruinnithe) chuig a dtíthe féin sa phobal leis na tacaíochtaí a dteastaíonn uathu. Déantar é seo lena chinntiú gur féidir tacú le daoine chun 'gnáthshaol a bheith acu i ngnátháiteanna', le samhail atá dírithe ar thithíocht scaipthe sa phobal inar féidir le daoine rogha a dhéanamh cónaí ina n-aonar, lena dteaghlach, nó cóiríocht a roinnt le líon beag daoine eile faoi mhíchumas. Geallann FSS oibriú go dlúth le páirtithe leasmhara ábhartha (lena n-áirítear údarás áitiúla) chun an t-aistriú seo a thabhairt i gcrích, d'fhonn a chinntiú go bhfuil an rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar sheirbhísí cosúil le cúram sláinte príomhúil agus seirbhísí pobail a dteastaíonn uathu chun cabhrú leo maireachtáil go neamhspleách. Moltar ann freisin gur chóir go ndéanfaí plean tithíochta a ullmhú agus a chomhordú i gcomhpháirt le húdarás áitiúla agus FSS, i gcomhar le soláthraithe seirbhíse.

2.1.18 Tithíocht a Dhearadh chun Freastal ar Riachtanais Gach Duine (2019)

Is treochlár é 'Tithíocht a Dhearadh chun Freastal ar Riachtanais Gach Duine' a chuir an Ghníomhaireacht Tithíochta ar fáil trína dtugtar bealach i dtreo an eolais a theastaíonn chun cinntiú eolasacha a dhéanamh faoi dhearadh níos fearr, agus chun rochtain a éascú, ar bhealach struchtúrtha agus sothuigthe, de réir na gcaighdeán agus na treorach a theastaíonn chun a chinntiú go bhfuil teach ag gach duine atá oiriúnach dá riachtanais. Leagtar amach ann smaointe, coincheapa agus treoir maidir le conas tithe a dhearadh a bhféadfaidh lena n-áititheoirí a úsáid ar an mbealach is fearr agus taitneamh a bhaint astu, ag teacht leis an gcreat rialála agus le dea-chleachtas. Leagtar amach ann breithnithe agus treoir maidir le dearadh na tithíochta do raon soláthair speisialtóra lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta, daoine a bhfuil néaltrú orthu, daoine faoi mhíchumas céadfach, dearadh le haghaidh meabhairshláinte, agus dearadh don Uathachas. Leagtar amach ann freisin prionsabail um Dearadh Uilíoch mar dea-chleachtas i ndearadh tithíochta.

2.1.19 Plean Gnímh don Aeráid 2019

Féachann an Plean Gnímh don Aeráid 2019 le hastaíochtaí aeráide a laghdú agus le hÉirinn a bheith tíosach ar charbón. Ó thaobh na timpeallachta tógtha de, aithnítear sa phlean an tábhacht atá le feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh ár bhfoirgnimh, lena n-áirítear ár dtithe, ár n-ionaid oibre agus ár scoileanna, trí chaighdeán feidhmíochta fuinnimh níos airde a bhaint amach agus trí gníomhaíocht iarfheistithe a mhéadú. Ní hamháin go laghdóidh sé seo spleáchas na hÉireann ar bhreoslaí iontaise ach feabhsóidh sé freisin ár gcaighdeán mhaireachtála trínár bhfoirgnimh a dhéanamh níos compordáil, níos sláintiúla, níos sábháilte agus níos saoire ó thaobh costais téimh. I measc cúig phríomhbheart chun éifeachtúlacht fuinnimh ár bhfoirgnimh a fheabhsú tá,

— Ceanglais níos déine a thabhairt isteach maidir le foirgnimh nua agus athchóirithe suntasacha

— Beartas dearaidh chun timpeall 500,000 teach atá ann cheana féin a uasghrádú go Rátaí Fuinnimh Foirgnimh B2 (BER) agus chun 400,000 teach teaschaidéil a shuiteáil

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh

- *Slabhra soláthair a thógáil agus samhail le haghaidh comhiomláinithe ina ndéantar iarfheistis tí a ghrúpáil le chéile chun an leibhéal gníomhaíochta seo a mhaoiniú agus a sheachadadh*
- *Dhá chóras téimh ceantair nua a sheachadadh, agus treochlár a chur chun feidhme chun acmhainn Téamh Ceantair a sheachadadh*
- *Aird a mhéadú ar rátálacha Fuinnimh agus Carbóin i ngach gné de bhainistiú sócmhainní réadmhaoinne*

2.1.20 Cairt um Ghníomhú ar son na hAeráide

Is éard atá sa Phlean Gnímh don Aeráid ná plean an rialtais chun a chinntiú go gcomhlíonfaimid ár ngealltanais aeráide don bhliain 2030, rud a chuirfimid ar an mbealach le bheith saor ó astaíochtaí faoi 2050. Príomhbheart i bPlean Gnímh don Aeráid de chuid an Rialtais is ea an Chairt Aeráide. Leis an gCairt um Ghníomhú ar son na hAeráide ceanglaítear ar Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh feabhsú de 50 faoin gcéad ar éifeachtúlacht fuinnimh a sholáthar faoi 2030. Éilítear sa Chairt próiseas chun cinntí, cláir agus mórthionscadail a phromhadh ó thaobh carbóin de, lena n-áirítear infheistíochtaí in iompar agus i bhfuinneamh.

2.1.21 An tAcht um Ghníomhaireacht Forbartha Talún 2021

Bunaíodh an Ghníomhaireacht Forbartha Talún (LDA) in 2018 chun forbairt talún faoi úinéireacht an Stáit a chomhordú do thithíocht agus d'athghiniúint nua. Foráiltear leis an Acht um Ghníomhaireacht Forbartha Talún 2021 bonn reachtúil don LDA agus sainmhíneáir ann a chuspóirí agus a chumhachtaí. Is é cuspóir an LDA talamh poiblí a fhorbairt ar bhealach spriocdhírthe chun cur le soláthar tithíochta ar scála mór ar mhaithe le leas an phobail. Chuige sin, tá sé de chumhacht ag an LDA airgeadas a chruinniú, talamh a fháil ó chomhlachtaí poiblí agus trí cheannach éigeantach, agus tionscadail mhórscaála a bhainistiú i dtreo seachadadh. Ceann de phríomhspricanna an LDA is ea soláthar na tithíochta sóisialta agus inacmhainne go háirithe a mhéadú. Ceanglaítear leis an Acht go soláthrófar céatadán sonraithe (50%, nó 80% i gcathracha os cionn 150,000 daonra) de thithe a gceadaíonn an LDA iad a sheachadadh ar aon láithreán mar thithíocht shóisialta nó inacmhainne. Féadfaidh an tAire Tithíochta an céatadán seo a athrú freisin. Beidh an LDA dírithe go háirithe ar sholáthar tithíochta a threisiú i lárionaid uirbeacha lena n-áirítear Cathair Luimnigh agus tá 'Ceathrú Cholbhaird', mórthionscadal athghiniúna timpeall ar Stáisiún Cholbhaird, á chur chun cinn aige. Ceanglaítear ar an LDA freisin faoin Acht a chinntiú go gcuirtear chun cinn comhtháthú sóisialta i bhforbairt agus go gcuirtear in aghaidh deighilt tithíochta idir daoine ó chúlraí sóisialta éagsúla.

2.2 Beartas Réigiúnach

2.2.1 Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíoch (RSES) do Réigiún an Deiscirt (2020)

Foráiltear leis an Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíoch (RSES) creat straitéiseach factéarmach d'fhorbairt spásúlachta, eacnamaíoch agus shóisialta de Réigiún an Deiscirt, lena n-áirítear Cathair agus Contae Luimnigh. I measc a cuid spricanna is mó, tá rathúnas eacnamaíoch a chur chun cinn, freastal ar fhás agus

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh

ar fhorbairt inbhuanaithe in áiteanna oiriúnacha, an comhshaol a chosaint agus a fheabhsú, an t-athrú aeráide a chomhrac, bailte agus cathracha a fheabhsú, tacú le forbairt tuaithe agus tosaíochtaí d'fhorbairt bonneagair a shainnithint. Tá sé mar aidhm ag Cuspóirí Beartais Réigiúnacha tacú le hÚdarás Áitiúla Measúnuithe ar Éileamh Riachtanas Tithíochta a chomhlánú mar a cheanglaítear faoin NPF agus soláthar a dhéanamh do raon éagsúil de chineálacha agus tionachtaí tithíochta. Tacaíonn sé freisin le spriocanna atá leagtha amach faoin Acht um Atógáil Éireann: Plean Gníomhaíochta um Thithíocht agus Easpa Dídine "a chuireann le dul chun cinn faoi na príomhcholuín chun aghaidh a thabhairt ar easpa dídine, dlús a chur le tithíocht shóisialta, níos mó tithe a thógáil, an earnáil ciosa a fheabhsú agus an stoc tógála atá ann cheana laistigh dár réigiún a úsáid."

2.2.2 Plean Straitéiseach Cheantar Cathrach Luimnigh-na Sionainne

I bPlean Straitéiseach Cheantar Cathrach Luimnigh- na Sionainne (MASP) foráiltear do chreat pleanála fo-réigiúnach laistigh den RSES do Chathair Luimnigh agus a cúlchríoch uirbeach máguaird i gContaetha Luimnigh agus an Chláir, lena n-áirítear baile na Sionainne. Áirítear 132,420 duine i gCeantar Cathrach Luimnigh na Sionainne, agus meastar go méadóidh an daonra go 177,552 faoi 2031. Aithnítear sa NPF agus sa RSES araon Réigiún Cathrach Luimnigh na Sionainne mar lárionad uirbeach ríthábhachtach agus inneall fáis d'Iarthar Láir na hÉireann, le spriocanna chun daonra Chathair Luimnigh a mhéadú le 50% ar a laghad faoi 2040.

Níl aon fhachtóirí fostaíochta soiléire nó comhchruinnithe fostaíochta / dífhostaíochta a mbeadh athrú ag teastáil ó thaobh breithniú na MDanna mar HManna. Tá moil shuntasacha fostaíochta ag gach MD agus dáileadh éagsúil dífhostaíochta seachas lár na cathrach ina bhfuil dífhostaíocht níos airde.

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh



Figiúr 3.25.
Dáileadh fostaíochta Luimnigh de réir Toghroinn (2016)


Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh



Figióir 3.26 Dáileadh dífhostaíochta Luimnigh de réir Toghroinn (2016)


Úsáidtear grúpaí socheacnamaíocha chun daonraí a rangú agus tugtar le chéile daoine a bhfuil stádas sóisialta agus eacnamaíoch comhchosúil acu bunaithe ar an leibhéal scile nó oideachais a bhaintear amach. Níl na grúpálacha rangaithe de réir tábhachta, ní sholáthraíonn siad ach bealach chun cohóirt cosúla a rangú. Cé go bhfuil sé dodhéanta cumas tuillimh do ghrúpaí socheacnamaíocha a aithint, is féidir boinn tuisceana a ghlacadh. Mar shampla, ghlacfaí leis go bhfuil cumas tuillimh níos mó ag daoine sna catagóirí 'fostóirí agus bainisteoirí' nó 'gairmiúla níos airde' ná iad siúd sna catagóirí 'leathoilte' nó 'neamhoilte'. I bhFigióir 3-18, tugtar miondealú ar na grúpaí socheacnamaíocha laistigh de Chathair agus Chontae Luimnigh.

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh



Figióir 3.27 Daoine i dteaghlaigh phríobháideacha de réir grúpa socheacnamaíoch


Chun tuilleadh iniúchta a dhéanamh ar an tatal seo, tá sé tábhachtach cineálacha gairm bheatha an fhórsa saothair i Luimneach a bhunú. Sonraítear i bhFigióir 3-19 gurb é ‘Slite Beatha Gairmiúla’ an chohórt is mó le 16.9% den daonra, agus ina dhiaidh sin tá ‘Slite Beatha Ceirde Oilte’ ag 15.2%.



Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh

Figiúr 3.28 Stádas Socheacnamaíoch


Ar deireadh, is fiú a thabhairt faoi deara na cineálacha tionscail ina bhfuil cónaitheoirí Chathair agus Chontae Luimnigh fostaithe. Is é 'seirbhísí gairmiúla' an tionscal is mó agus 'Tráchtáil agus trádáil' ina dhiaidh sin.



Figiúr 3.29 Daoine ag obair de réir tionscail

MD Luimnigh

De réir Dhaonáireamh 2016, tá 48.1% de dhaonra MD Luimnigh fostaithe. Tá cuid shuntasach eile ar scor nó ina mic léinn (29%). Bhí éagsúlacht aige seo laistigh de MD Luimnigh le pócaí d'fhostaíocht measartha ard i láthair sa MD níos leithne mar laisteas de Chathair Luimnigh mar a léirítear i bhFigiúr 3.32. I bhFigiúr 3.30 tugtar miondealú foriomlán ar phríomhstádas eacnamaíoch laistigh de MD Luimnigh.




Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh

Figiúr 3.30 Príomhstádas eacnamaíoch laistigh de chathair agus bruachbhailte Luimnigh

Tá 9.3% eile den daonra dífhostaithe. Tá fostaíocht agus mar sin dífhostaíocht scaipthe go míchothrom ar fud MD Luimnigh. Tá comhchruinniú ard dífhostaíochta laistigh den ionchathair mar a léirítear i bhFigiúr 3.32.


Tá fachtóirí fostaíochta soiléire nó comhchruinnithe fostaíochta / dífhostaíochta a dhéanann idirdhealú idir ceantair laistigh de MD Luimnigh. Mar sin, ní bheadh sé praiticiúil MD Luimnigh a mheas mar HMA amháin i bhfianaise an athraithe sin. Léiríonn na difríochtaí idir Cathair Luimnigh agus an chuid eile den MD próifílí fostaíochta codarsnacha le suntas ar leith do na leibhéil dífhostaíochta i lár na cathrach, go háirithe i gcomparáid leis na bruachbhailte sa chuid eile den MD.

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh



Figiúr 3.31 Dáileadh fostaíochta MD Luimnigh in aghaidh na Toghroinne (2016)


Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh



Figióir 3.32 Dáileadh dífhostaíochta MD Luimnigh in aghaidh na Toghrinne (2016)


I bhFigióir 3-24, tugtar miondealú ar dhaoine i dteaghlaigh phríobháideacha de réir grúpa socheachnamaíoch laistigh de Chathair Luimnigh agus na bruachbhailte. Léirítear san fhigióir líon íseal daoine a rangáítear mar oibrithe talmhaíochta/feirmeoirí.

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh



Figiúr 3.33 Daoine i dteaghligh phríobháideacha de réir grúpa socheacnamaíoch

Tá sé tábhachtach cineálacha gairm bheatha an lucht saothair a bhunú laistigh de Chathair agus Chontae Luimnigh. Luaitear i bhFigiúr 3-25 gurb é 'Slite Beatha Gairmiúla' an chohórt is mó le 17.6% den daonra.




Figiúr 3.34 Stádas Socheacnamaíoch

I bhFigiúr 3-26, tugtar faoi deara na cineálacha tionscail ina bhfuil cónaitheoirí Chathair Luimnigh agus na bruachbhailte fostaithe. Is é 'seirbhísí gairmiúla' an tionscal is mó tar éis

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh

'Tráchtáil agus trádáil'. Is léir gur suíomh tarraingteach é MD Luimnigh do ghairmithe chun cónaí ann agus má tá sé seo le leanúint ar aghaidh tá gá le tuilleadh forbartha cónaithe chun riachtanais an chohórt proifisiúnta seo a shásamh.



Figiúr 3.35 Daoine ag obair de réir tionscail


3.3.2 Ioncaim reatha

Is táscaire suntasach é ioncam ar dhálaí eacnamaíocha agus tá sé ríthábhachtach chun inacmhainneacht a chinneadh in aon mhargadh tithíochta. Tá ollioncam teaghlaigh ar cheann de na t-aon tacair sonraí um ioncam spásúil gráinneach atá ar fáil agus measadh go bhfuil sé seo ionadaíoch ar ioncam níos leithne.

Léirítear le hanailís gheografach ar ioncam comhlán i bhFigiúr 3.36 thíos éagsúlacht ar fud na Cathrach agus an Chontae. Tá formhór na dteaghlach ar ioncam níos airde lonnaithe i MDanna Luimnigh agus Áth Dara-Ráth Caola agus bhí ioncaim níos ísle ag MDanna na Ceapaí Móire-Cill Mocheallóg agus an Chaisleáin Nua go ginearálta. Laistigh de MD Luimnigh, tá formhór na dteaghlach ar ioncam ard suite feadh imeall Chathair Luimnigh agus na bruachbhailte agus lasmuigh de. Tá comhchruinniú ard de theaghlaigh ar ioncam íseal sa lárchathair, rud a léiríonn comhghaol le fostaíocht níos ísle agus rátaí dífhostaíochta níos airde sa cheantar.

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh


Figiúr 3.36: Ioncam meánach comhlán teaghlaigh Luimnigh (Ranna Toghcháin, 2016)



MD Luimnigh

Tá na difríochtaí in ioncam meánach comhlán teaghlaigh míchothrom ar fud MD Luimnigh. Tá formhór na dteaghlach ar ioncam níos airde suite feadh imeall de Chathair Luimnigh agus na bruachbhailte agus lasmuigh de. Tá comhchruinniú ard de theaghlaigh ar ioncam íseal sa lárchathair, rud a thugann le fios go bhfuil comhghaol idir na rátaí fostaíochta níos ísle agus na rátaí dífhostaíochta níos airde sa cheantar mar atá leagtha amach i rannáin roimhe seo. Tá dáileadh meánioncam teaghlaigh comhlán mapáilte i bhFigiúr 3-28.

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh




Figiúr 3.37 Ioncam meánach comhlán MD teaghlaigh Luimnigh (Ranna Togcháin, 2016)

3.4 Forbhreathnú ar an daonra reatha

De réir an Daonáirimh is déanaí, b'ionann daonra na hÉireann agus 4,761,865 i mí Aibreáin 2016, méadú de 173,613 (3.8%) ó Aibreán 2011. Bhí 200 lonnaitheoir uirbeach ar fud na tíre, a d'fhreastail le chéile ar 63% de dhaonra na hÉireann. Ba é daonra Chathair agus Chontae Luimnigh ná 194,899, méadú de 1.6% ó 2011. Imlínítear i bhFigiúr 3-29 dlús daonra laistigh de Chathair agus Chontae Luimnigh. Léirítear sa léarscáil go bhfuil dlús éagsúil ag Cathair Luimnigh agus sna bruachbhailte le toranna éagsúla sa cheantar lena léirítear dlús idir 773 agus 18,388.

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh



Figióir 3.38 Dlús daonra Luimnigh

Athraíonn próifíl aoise na Cathrach agus an Chontae ar fud na HMAAnna. Tá an céatadán is airde den daonra atá d’aois oibre (idir 15-64 bliana d’aois), ag 68.4%, i gCathair agus i mbuachbhailte Luimnigh, agus tá an céatadán is ísle díobh siúd idir 0-14 bliana d’aois (19.1%) agus 65 agus os a chionn (12.6%). Tá an céatadán is airde de dhaoine scothaosta ag MD an Chaisleáin Nua (le 16.8% den daonra 65 bliain d’aois agus níos sine) agus tá an céatadán is airde díobh siúd idir 0-14 bliana d’aois (22.3%) ag an gCuid Éile de MD Luimnigh.

I dtéarmaí athraithe daonra, tháinig méadú de 1.6% ar an gCathair agus ar an gContae idir 2011 agus 2016 – ráta níos ísle ná an Stát ina iomláine (3.8%). Mar sin féin, bhí difríochtaí suntasacha laistigh den Chathair agus den Chontae, le Cathair Luimnigh agus na Bruachbhailte ag fás 3% i gcomparáid le laghdú imeallach daonra de -0.2% in Áth Dara-Ráth Caola.


Tábla 3.39: Daonra agus Aois, 2016

Ceantar	Daonra 2016	Athrú daonra	0-14	15-64	65+
Cathair Luimnigh agus Contae	194,899	3,090 (1.6%)	39,594 (20.3%)	127,887 (65.6%)	27,418 (14.1%)
Cathair Luimnigh agus Bruachbhailte	94,192	2,738 (3.0%)	17,953 (19.1%)	64,416 (68.4%)	11,823 (12.6%)

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh

MD Luimnigh (An chuid eile)	15,307		3,413 (22.3%)	9,816 (64.1%)	2,078 (13.6%)
Áth Dara- Ráth Caola MD	27,710	- 45 (- 0.2%)	5,933 (21.4%)	17,580 (63.4%)	4,197 (15.1%)
MD an Chaisleáin Nua	27,416	59 (0.2%)	5,550 (20.2%)	17,263 (63.0%)	4,603 (16.8%)
MD na Ceapáí Móire-Chill Mocheallóg MD	34,821	285 (0.8%)	7,739 (22.2%)	21,760 (62.5%)	5,322 (15.3%)

Léirítear i bhFigiúr 3-30 thíos an t-athrú daonra seo ag leibhéal áitiúil, rud a léiríonn difríochtaí suntasacha ar fud na Cathrach agus an Chontae. Tháinig laghdú ar an daonra i gceantair thuaithe in iarthar an chontae go háirithe, go háirithe in MD Áth Dara-Ráth Caola. Mar sin féin, tháinig laghdú ar an daonra i roinnt codanna de chuid laistigh den fho-uirbeacha de Chathair Luimnigh mar Pháirc Uí Mháille agus Pháirc Mhuire, in ainneoin fáis iomláin sa Chathair agus sna Bruachbhailte.




Figióir 3.40: Athrú ar an daonra, 2011-2016 (leibhéal ED)

Tháinig méadú de 2.7% (2,791) ar dhaonra MD Luimnigh ó 2011 go 2016. Tharla an chuid is mó den fhás daonra i MD Luimnigh i gCathair Luimnigh agus sna bruachbhailte in aice láimhe, cé go raibh roinnt áiteanna ina tharla laghdú daonra laistigh den chathair freisin.

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh

Tá na ceantair leis an méid is airde fáis cnuasaithe i lár na cathrach i dToghanna na Sionainne A agus na Sionainne B, Dugaí A agus Theach an Chustaim. Tháinig laghdú ar an daonra ar imeall lár na cathrach agus na bruachbhailte amuigh i dtreo imeall na heispéiris MD le linn 2011 - 2016. Tá difríochtaí suntasacha sa chomhchruinniú daonra le tromlach i gCathair Luimnigh agus sna bruachbhailte agus céatadán níos airde de chohóirt aois oibre sa chuid eile MD Luimnigh (cé go bhfuil daonra i bhfad níos lú).



Figiúr 3.41 Athrú ar Dhaonra MD Luimnigh, 2011-2016 (leibhéal ED)

Tá mic léinn ina gcuid thábhachtach de thírdhreach na tithíochta i Luimneach, go háirithe i gCathair Luimnigh. De réir Dhaonáireamh 2016, thuiriscigh 11,703 cónaitheoir i gCathair Luimnigh a bpríomhstádas eacnamaíoch mar mhic léinn (15.4% díobh siúd ar fad 15 bliana d'aois agus níos sine) cosúil le 8,454 cónaitheoir i gContae Luimnigh (5.4%); áirítear leis seo roinnt scoláirí meánscoile. Is iad na príomhinstitiúidí tríú leibhéal i Luimneach ná Ollscoil Luimnigh, Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh (TF), agus Coláiste Mhuire gan Smál. Tá méadú tagtha ar líon na mac léinn sna trí institiúid seo le blianta beaga anuas agus bhí 25,726 mac léinn á n-iontógáil le chéile sa bhliain acadúil 2018/2019, i gcomparáid le 23,822 in 2014/2015. Tá na hinstitiúidí seo le leathnú amach anseo freisin, agus Ollscoil Luimnigh ag pleanáil méadú de 25% ar chláirúcháin mac léinn go 19,416 mac léinn faoi 2023/2024.⁷ Tá ardú de 21% á pleanáil ag IT Luimnigh go 7,500 mac léinn faoi

⁷ Plean straitéiseach Ollscoil Luimnigh 2019-2024 [Ar Líne: https://www.ul.ie/UL_Strategic_Plan_2019-2024_Web.pdf]


Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh

2022,⁸ agus Coláiste Mhuire gan Smál ag tuar daonra mac léinn suas le 6,000 faoi 2025.⁹ Mar thoradh air sin, beifear ag súil go dtiocfaidh méadú dá réir ar an éileamh ar thithíocht mac léinn i gCathair Luimnigh suas go dtí na blianta seo agus ina dhiaidh sin.

3.4.1.1 Innéacs Díothachta

Is éard atá san Innéacs Díothachta Pobal HP¹⁰ ná tomhas ar dhíothacht choibhneasta na limistéar geografach a úsáideann sonraí thar raon beart lena gcumhdaítear déimeagrafaic, aicme sóisialta, agus an margadh saothair a tiomsaíodh ón Daonáireamh. Sannann TF scóir do cheantair atá bunaithe ar mheán náisiúnta de náid agus a théann ó -40 (na ceantair is mó faoi mhíbhuntáiste) go 40 (na ceantair is saibhre).

Léirítear in anailís ar leibhéal na Toghroinne do Chontae Luimnigh go rangaítear an formhór mar beagán os cionn an mheáin nó beagán faoi bhun an mheáin. Tugadh faoi deara go raibh Toghroinn amháin saibhir i gContae Luimnigh. Tá an Toghcheantar seo suite laistigh de MD Áth Dara-Ráth Caola lastoir de Chromadh. Ba í lonnaitheacht Ráth Caola an t-aon lonnaitheacht a rangaíodh mar faoi mhíbhuntáiste laistigh de Chontae Luimnigh. Níor rangaíodh aon Toghroinn i gContae Luimnigh mar cheantar faoi go leor mhíbhuntáiste ná thar a bheith faoi mhíbhuntáiste.



⁸ Plean Straitéiseach IT Luimnigh 2018-2022 [Ar Líne: <https://lit.ie/getmedia/1c35e9a1-974f-4125-b6fb-d075511249ec/LIT-Strategic-Plan-2018-2022.pdf>]


⁹ Plean Straitéiseach Choláiste Mhuire gan Smál 2023, lch. 20 [Ar líne: <https://www.mic.ul.ie/about-mic/office-of-the-president/strategic-plan>]

¹⁰ Haase agus Prasthchke thar ceann Pobal (2017) 2016 HP Innéacsanna Díothachta de réir Limistéir Bheaga. Ar fáil ó: <https://maps.pobal.ie/WebApps/DeprivationIndices/index.html>

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh

Figiúr 3.42: Innéacs Díothachta Pobal, 2016

Rangaítear MD Luimnigh go príomha mar cheantar beagáinín os cionn an mheáin. Laistigh de lonnaíocht chathair agus bhruachbhailte Luimnigh, aicmítear go leor toghroinn mar faoi mhíbhuntáiste nó thar bheith faoi mhíbhuntáiste. Is í an Toghroinn 'John's A' an t-aon Toghroinne i Luimneach a rangaítear mar cheantar atá thar a bheith faoi mhíbhuntáiste. Tugadh faoi deara go raibh Toghroinn amháin in iarthar na cathrach saibhir. Léirítear an t-innéacs éagsúil díothachta do MD Luimnigh i bhFigiúr 3-33. Léirítear leis seo go háirithe an comhchruinniú díothachta i gceithre limistéar athnuachana reachtúla Chathair Luimnigh, rud a léiríonn an tábhacht a bhaineann le beartas athghiniúna chun dul i ngleic le díothacht sa Chathair.



Figiúr 3.43: Innéacs Díothachta Pobal, 2016 - Cathair Luimnigh agus na Bruachbhailte/MD Luimnigh

3.5 Próifíl na dteaghlach agus na tithíochta reatha

3.5.1 Stoc Tithíochta agus Áitreabh Folaigh


Léirítear le torthaí Dhaonáireamh 2016 stoc tithíochta iomlán de 82,112 i gCathair agus i gContae Luimnigh. As na 82,112 teach, bhí 71,494 áitiú agus 2,434 as láthair go sealadach. Rangaíodh 7,752 mar áitribh fholmha eile. Bhí an ráta d'áitribh fholmha ab ísle ag 7.3% i gcathair agus i mbruachbhailte Luimnigh agus bhí ráta d'áitribh fholmha ag MD an Chaisleáin Nua agus

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh

Áth Dara-Ráth Caola os cionn 12%. Léirítear le Figiúr 3-34 gur laghdaigh an ráta d'áitribh fholmha ó 15% in 2011 go 9% in 2016 laistigh de Chathair agus Chontae Luimnigh.

Tábla 3.44: Stoc Tithíochta agus áitribh fholmha, 2016

Achar Iomlán	Teaghaisí	Glactha	As láthair go sealadach	Tithe Saoire	Áitribh fholmha eile	Ráta d'áitribh fholmha ¹¹
Cathair Luimnigh agus Contae	82,112	71,494	2,434	432	7,752	9.4%
Cathair Luimnigh agus Bruachbhailte	40,085	35,520	1,585	35	2,945	7.3%
MD Luimnigh (An Chuid eile)	5,749	5,188	158	16	387	6.7%
MD Áth Dara-Ráth Caola	11,293	9,615	235	68	1,375	12.2%
MD an Chaisleáin Nua	12,251	10,307	228	148	1,568	12.8%
MD na Ceapaí Móire-Chill Mocheallóg	14,371	12,397	250	169	1,555	10.8%



Figiúr 3.45 Athrú ar áitíocht agus áitribh fholmha i gCathair agus i gContae Luimnigh


3.5.2 Comhdhéanamh teaghlaigh

Luaitear i Daonáireamh 2016 go bhfuil 71,224 teaghlach príobháideach i gCathair agus i gContae Luimnigh. Ba é meánmhéid an teaghlaigh ná 2.70 duine in aghaidh an teaghlaigh. Mar sin féin, tá éagsúlacht shuntasach trasna na HMAnna. Bhí cathair agus bruachbhailte Luimnigh ab airde

¹¹ Tá an ráta céatadánach d'áitribh fholmha a sholáthraítear bunaithe ar an gcatagóir 'Áitribh Fholmha Eile' mar chéatadán den stoc iomlán tithíochta agus ní áirítear tithe saoire atá folamh agus iad siúd atá as láthair go sealadach.

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh

céatadán na dteaghlach 1 duine ag 26.1% agus MD Luimnigh an chuid is ísle ag 18.2%. Bhí teaghlaigh de bheirt duine is coitianta ar fud na MDanna go léir agus b'ionann an meán do chathair agus contae Luimnigh agus 28.6%. Bhí an céatadán is ísle de theaghlaigh 5 daoine ag cathair agus bruachbhailte Luimnigh ag 10.7%, le cathair agus contae Luimnigh ag taifead 12.7%.



Figiúr 3.46: Cohóirt Méid Teaghlaigh, 2016

Ar an leibhéal náisiúnta, bhí 12% de na teaghlaigh áitithe in Éirinn ina gcónaí in árasáin in 2016. Athraíonn sé seo go mór laistigh de Chathair agus Chontae Luimnigh, le 9.9% de na teaghlaigh i gCathair agus sna Bruachbhailte Luimnigh ina gcónaí in árasáin i gcomparáid le 17.5% de theaghlaigh sa Chathair agus sa Chontae san iomlán. Tugtar faoi deara sa NPF, cé go bhfuil méadú ag teacht ar chomhréir iomlán na dteaghlach a chónaíonn in árasáin, go bhfuil Éire i bhfad níos ísle ná na meáin Eorpacha. Mar sin, luaitear sa NPF nach mór d'árasáin a bheith ina gcineál tithíochta níos forleithne, go háirithe i gcathracha na hÉireann chun aghaidh a thabhairt ar bhealach níos éifeachtaí ar an dúshlán a bhaineann le freastal ar riachtanais tithíochta daonra atá ag fás agus teaghlaigh níos lú i gceantair uirbeacha.

3.5.3 Tionacht Teaghlaigh

Maidir leis na cineálacha teaghlach príobháideach ar fud Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, léirítear le hanailís ar Dhaonáireamh 2016 gur tithe/bungaló 88.4% de na teaghlaigh príobháideacha (71,224) agus gur árasáin iad 9.9% eile. Bhí éagsúlacht, áfach, ar fud Luimnigh agus próifíl an chineáil teaghlaigh i ngach MD mar atá leagtha amach i dTábla 3.47.

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh

Tábla 3.47: Contae Luimnigh agus cineál teaghlaigh MD príobháideach

Teaghlaigh	Contae Luimnigh	MD Luimnigh	MD Áth Dara-Ráth Caola	MD an Chaisleáin Nua	MD na Ceapaí Móire-Chill Mocheallóg
Teach / Bungaló	88.4%	81.9%	96.7%	94.7%	97.1%
Árasán	9.9%	16.2%	1.8%	3.8%	1.6%
Seomra sui is leapa	0.1%	0.2%	0.0%	0.0%	0.0%
Carbhán / Teach Soghluaiste	0.3%	0.2%	0.5%	0.3%	0.5%
Níor dúradh	1.3%	1.5%	1.0%	1.3%	0.9%
Iomlán	100.0%	100.0%	100.0%	100.0%	100.0%

Léirítear le próifil na tionachta ar fud Luimnigh go bhfuil formhór na dteaghlach úinéir-áitithe (le morgáiste agus gan morgáiste - 67.9%) agus céatadán ard de theaghlaigh ar cíos príobháideach (18%). B'ionann tithíocht shóisialta agus 9.2% eile agus níor sonraíodh na cineálacha tionachta teaghlaigh ar fad a bhí fágtha nó níor áitíodh iad saor ó chíos. Léirítear le próifil na tionachta in aghaidh an MD idirdhealú suntasach mar atá leagtha amach i dTábla 3.48.

Tábla 3.48: Tionacht teaghlaigh Chontae agus MD Luimnigh

Teaghlaigh	Luimneach MD Luimnigh Contae	MD Áth Dara-Ráth Caola	MD an Chaisleáin	MD na Ceapaí Móire-Chill Mocheallóg
Tithíocht Shóisialta	9.2%	10.9%	6.2%	7.0%
Ar Cíos (Go Príobháideach)	18.0%	24.3%	8.4%	9.1%
Úinéir Áitithe (Gach)	67.9%	59.4%	81.3%	79.7%


Tá comhghaol láidir cineálacha tí idir MDanna Áth Dara-Ráth Caola, an Chaisleáin Nua agus na Ceapaí Móire-Chill Mocheallóg agus is tithe agus bungalónna formhór mór na dteaghlach (95%). Tá comhghaol breise maidir le tionacht teaghlaigh idir MDanna Áth Dara-Ráth Caola, an Chaisleáin Nua agus na Ceapaí Móire-Chill Mocheallóg agus formhór na dteaghlach ina n-úinéirí áitithe (73.4% - 81.3%), cé go bhfuil níos mó éagsúlachta ann ná an comhghaol i gcineál tí. Mar a bheifí ag súil leis, tá líon tí ar cíos príobháideach níos airde i MD Luimnigh ag 24.3%. Go háirithe is cineál tionachta suntasach é cíos príobháideach i MD an Chaisleáin Nua. Cé go bhfuil úinéireacht tí fós ar an bpríomhthionacht in Éirinn, tá laghdú tagtha uirthi mar chéatadán de na teaghlaigh go léir ar bhonn náisiúnta le blianta beaga anuas, ag titim ó 69.7% in 2011 go 67.6% in 2016. Léirítear an titim choibhneasta seo i gCathair agus i gContae Luimnigh, agus thit céatadán na n-úinéirí-áititheoirí ó 70.9% in 2011 go 67.9% in 2016.

3.5.4 Stoc Tithíochta Sóisialta

Léiríonn sonraí do R4 2020 go bhfuil úinéireacht dhíreach ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar 5,525 aonad, a bhfuil 113 acu ar léas. Tá an líon maoinne is mó faoi úinéireacht Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i gCathair Luimnigh Thuaidh ag 1,542. Bhí an chainníocht ab ísle ag 532 sa Chaisleán Nua. As na 113 réadmhaoin ar léas tá an líon is mó i gCathair Luimnigh Thuaidh le 32, agus Cathair Luimnigh Thiar go dlúth ina dhiaidh ag 27.


Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh

Tá 2 réadmhaoin ar léas sa Chaisleán Nua mar a léirítear i bhFigiúr 3-37.



Figiúr 3.49 Líon iomlán na maoine LCCC de réir Toghcheantar gan maoín ar léas a áireamh


Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh



Figiúr 3.50 Líon iomlán na maoin ar léas de réir Toghcheantair

Ina theannta sin, i bhFigiúr 3-38 thíos, tugtar breac-chuntas ar éileamh reatha an liosta feithimh ar thithíocht shóisialta de réir cineáil aonaid. Tá an t-éileamh is airde ar an iomlán ag Cathair Luimnigh Thoir le haonaid 1 agus 2 leaba is mó a bhfuil éileamh orthu i ngach limistéar a ndearnadh anailís orthu. Ar an iomlán is beag éileamh atá ar chineálacha aonad de 4+ leaba laistigh de Chathair agus Chontae Luimnigh.

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh



Figiúr 3.51 Éileamh ar liostaí feithimh tithíochta de réir cineáil aonaid

4 Tithíocht sa todhchaí: riachtanas tithíochta réamh-mheasta agus soláthar

4.1 Réamhrá

Déantar sa chaibidil seo achoimre ar an Measúnú ar Éileamh ar Riachtanas Tithíochta (HNDA) a rinneadh don Straitéis Tithíochta seo. Sa chaibidil seo, déantar cur síos ar na hionchuir dhéimeagrafacha, eacnamaíocha agus shóisialta do mhúnla an HNDA agus déantar measúnú ar an daonra réamh-mheasta, ar theaghlaigh agus ar na riachtanais tithíochta a bhaineann leo le linn thréimhse na straitéise. Rinneadh é seo ar aon dul leis an modheolaíocht a bhfuil cur síos uirthi i gCuid 1.3.

Leagtar amach sa chaibidil seo breithniú agus cur i bhfeidhm na bhfachtóirí déimeagrafacha agus margaidh mar chuid den mheasúnú ar riachtanais agus éilimh tithíochta sa todhchaí ar fud Luimnigh. Rinneadh an anailís seo do na Limistéir Mhargaidh Tithíochta (HMAanna) a bhfuil cur síos mionsonraithe orthu i gCuid 3. Dá bhrí sin cuirtear an anailís ar fad sa chaibidil seo i láthair ag na leibhéil seo a leanas:

- Cathair agus Bruachbhailte Luimnigh (gan an chuid a shainaithean an Phríomh-Oifig Staidrimh a bheith laistigh de limistéar riaracháin Chomhairle Contae an Chláir a áireamh) dá dtagraítear mar Chathair Luimnigh ina dhiaidh seo;
- An chuid eile de Cheantar Cathrach Luimnigh dá dtagraítear Meitreo Luimnigh ina dhiaidh seo;
- HMA an Chaisleáin Nua a dtagraítear dó mar Chaisleán Nua anseo;
- HMA Áth Dara-Ráth Caola dá ngairtear Áth Dara-Ráth Caola anseo feasta;
- HMA na Ceapaí Móire-Chill Mocheallóg dá dtagraítear mar an Cheapach Mhór-Cill Mocheallóg ina dhiaidh seo.

Cumhdaítear san anailís a chuirtear i láthair an thréimhse don Straitéis Tithíochta, is é sin, 2022 H2 - 2028 H1. Sainaitheodh faisnéis chuí do bhlianta breise sna aguisíní ábhartha freisin chun an dul chun cinn ón mbunlíne (i.e. 2016) ag gach leibhéal spáis ábhartha a mhionsonrú.

Ós rud é go bhfuil na Treoirínte Alt 28 mar a shainaitheodh i gCodanna 1.4 agus 2.1.9 éileamh ar thithíocht a ríomh don cheathrú thréimhse plean sonrath mar atá leagtha amach i gCuid 1, ina dtagraítear do 2022 agus 2028 anseo baineann sé seo leis an dara leath de 2022 agus leis an gcéad leath de 2028 amháin (seachas na blianta féilire iomlána agus cuireadh in iúl é seo le Réiltín (*) ar fud na caibidle seo).

Níl na réamh-mheastacháin ar mhéid na dteaghlach sa HNDA beartaithe mar sprioc, ach is réamh-mheastachán déimeagrafach iad bunaithe ar threochtaí stairiúla agus reatha a sholáthraíonn bonn fianaise don Phlean Forbartha in éagmais sonraí Daonáirimh ar leith ar sheomraí leapa. Níl sé i gceist iad seo a bheith mar spriocanna saintreoracha maidir le meascán tithíochta, ná teacht salach ar threoirínte náisiúnta um chaighdeán tithíochta ar bhealach ar bith.

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
 Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh

4.1.1 Cur Chuige

Tugtar forbheathnú ar an bpróiseas do shamhaltú HNDA agus do na rannóga ábhartha sa chaibidil seo i dTábla 4.1.

Tábla 4.1: Cur Chuige don Mheasúnú Inacmhainneachta

Céim	Cuspóir	Modh	Cuid Ábhartha
1	Réamh-mheastacháin Bhliantúla Daonra a Chinneadh	Daonra bliantúil a chinneadh le linn thréimhse na straitéise bunaithe ar spriocanna réamh-mheastacháin seanbhunaithe (an dara ceann sa chás seo).	Cuid 4.2.1
2	Spriocanna Soláthair Tithíochta agus Éileamh Teaghlaigh a Chinneadh	Spriocanna soláthair tithíochta tréimhse an phlean (HST) agus an t-éileamh bliantúil ar thithíocht mar thoradh air a chinneadh bunaithe ar Threoirlínte Alt 28.	Cuid 4.2.2
3	Dáileadh Measta na nIoncam Indiúscartha Teaghlaigh a Ríomh	Dáileadh measta ioncaim indiúscartha teaghlaigh do na deicil bhunaithe (ag an bPríomh-Oifig Staidrimh) a ríomh bunaithe ar na hioncaim indiúscartha seachtainiúla agus bliantúlaithe ar leibhéal náisiúnta agus arna choigeartú don Chathair bunaithe ar ráta "boilscitheach" nó "díbhóilscitheach" a chur i bhfeidhm.	Cuid 4.2.3 agus Cuid 4.2.4
4	Meán-Dháileadh Ioncaim Indiúscartha Teaghlaigh Bhliantúil a Ríomh	Dáileadh measta ioncaim bhliantúla indiúscartha teaghlaigh in aghaidh na deicile a ríomh le linn thréimhse na straitéise bunaithe ar an gcéim roimhe sin agus ráta fáis OTI réamhaisnéise a chur i bhfeidhm.	
5	Meán-Dháileadh Ioncaim Indiúscartha Teaghlaigh Mhíosúil a Ríomh	Dáileadh measta ioncaim indiúscartha teaghlaigh mhíosúil in aghaidh na deicile a ríomh le linn thréimhse na straitéise bunaithe ar an gcéim roimhe sin agus ráta fáis OTI réamhaisnéise a chur i bhfeidhm.	
6	Dáileadh na dTeaghlach Iomlán Réamh-mheasta a Chinneadh	Dáileadh measta na n-aonad tí do gach deicil le linn thréimhse na straitéise a ríomh chomh maith le dáileadh na n-aonad tithíochta sa Stát ón Suirbhé ar Bhuiséad Teaghlaigh (ag an bPríomh-Oifig Staidrimh).	
7	Dáileadh Teaghlaigh Breise Réamh-mheasta a Chinneadh	Dáileadh measta na dteaghlach breise réamh-mheasta a ríomh ar bhonn bliantúil le linn thréimhse na straitéise chomh maith le dáileadh na n-aonad tithíochta sa Stát ón Suirbhé ar Bhuiséad Teaghlaigh (ag an bPríomh-Oifig Staidrimh).	
8	Bannaí Praghsanna Tí Réamh-mheasta a ríomh	Bannaí praghsanna tí réamh-mheasta a ríomh bunaithe ar scoilt chéatadáin na n-ocht mbanda praghsanna seanbhunaithe (ag an DHPLG) agus méadú nó laghdú réamh-mheasta bliantúil ar phraghsanna.	Cuid 4.2.6
9	Cumas Morgáiste Teaghlaigh a Ríomh	Ríomh an neasphraghas tí inacmhainne in aghaidh na deicile in aghaidh na bliana bunaithe ar chur i bhfeidhm na "Foirmle Blianaachta". Tá sé seo bunaithe ar chinneadh "Tairseach Inacmhainneachta",	Cuid 4.2.6

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh

Céim	Cuspóir	Modh	Cuid Ábhartha
		"Cóimheas Iasachta le Luach", "Ráta Céatadán Bliantúil (APR) - Ráta Úis", "Ráta Céatadán Miosúil (MPR) - Ráta Úis", agus an cinneadh de "Théarma Iasachta (Blianta/Míonna)".	
10	Riachtanais Réamh-Mheasta Úinéireachta a Ríomh	Bunaithe ar chur i bhfeidhm na "Foirmle Blianaigh", inacmhainneacht tithíochta do gach ceann den 10 deicíl tí a ríomh.	
11	Riachtanais Réamh-mheasta ar Cíos Priobháideach a Ríomh	Ríomh na dteaghlach nach gcomhlíonfaidh na critéir inacmhainneachta chun teach a ligean ar cíos go príobháideach le linn thréimhse an phlean maidir le líon na dteaghlach nach féidir leo cáiliú le haghaidh morgáiste.	Cuid 4.2.7
12	Riachtanas Tí Sóisialta (agus Inacmhainne) Réamh-mheasta a ríomh	Bunaithe ar chinneadh na dteaghlach breise a theastaíonn, ríomh na bandaí réamh-mheasta praghsanna tithíochta agus inacmhainneacht tithíochta, líon na dteaghlach nach gcomhlíonann na "Critéir Inacmhainneachta". Cuireann sé seo bonn eolais faoin soláthar riachtanach d'aonaid tithíochta sóisialta (agus inacmhainne) laistigh den údarás áitiúil.	Cuid 4.3.1 agus Cuid 0
13	Anailís Sonraí Stairiúla agus Réamh-mheastachán Tionachta, Méid Cohóirt, agus Cineál Áitribh.	Athrú stairiúil idir-dhaonáirimh a ríomh do thionacht teaghlaigh príobháideach, méideanna cohóirt agus cineál teaghaise chun athrú bliantúil a chinneadh. Cuireann sé seo bonn eolais faoi bhonn ráta athraithe bliantúil ar féidir teaghlaigh bhreise réamh-mheasta a thuar go garbh maidir le tionacht teaghlaigh, méideanna cohóirt agus cineál teaghaise.	Cuid 4.4.1, 4.4.2 agus 4.4.3.
14	Anailís ar Theaghaisí Aonair Tuaithe	Anailís ar shonraí Ceadanna a Deonaíodh ón bPríomh-Oifig Staidrimh chun dáileadh teaghaisí aonuire tuaithe a chinneadh.	Cuid 4.4.4
15	Anailís ar Sholáthar Speisialtóra	Anailís ar sholáthar speisialtóra Chathair agus Contae Luimnigh ag baint úsáide as liostaí feithimh reatha agus stairiúla de réir 'bhonn riachtanais' chun an t-athrú ar threochtaí laistigh de na catagóirí riachtanas airgeadais, míchumais, gan dídean nó riachtanas eile a léiriú.	Cuid 4.4.5

4.2 Príomhionchuir: measúnú inacmhainneachta agus HNDA

4.2.1 Daonra na todhchaí

Tá daonra Chathair agus Chontae Luimnigh sa todhchaí díorthaithe maidir le spriocanna atá leagtha amach faoi Treochlár Forfheidhmithe an NPF (Iúil 2018) agus RSES Thionól Réigiúnach an Deiscirt (Eanáir 2020).

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh

Rinneadh na spriocanna a idirshuiteáil chun meastacháin bhliantúla a tháirgeadh don limistéar iomlán Cathrach agus Contae agus tá siad logánaithe go leibhéal HMA freisin chun gráinneacht measúnaithe a fheabhsú.¹² Baineadh é seo amach trí úsáid a bhaint as leithdháilítí a d'ullmhaigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh mar chuid d'ullmhú Phlean Forbartha Luimnigh 2022-2028. Tabhair faoi deara go bhfuil na spriocanna daonra bliantúla sa chéad bhliain agus sa bhliain dheireanach de thréimhse an phlean leathnaithe chun dátaí tosaigh agus deiridh lár na bliana 2022 H2 – 2028 H1 a chur san áireamh agus go bhfuil siad curtha in iúl le Réiltín (*). Tá na réamh-mheastacháin daonra do gach ceantar thar thréimhse an phlean léirithe thíos

Tábla 4.2: Daonra réamh-mheasta thar thréimhse an phlean

	2022	2023	2024	2025	2026	2027	2028
Cathair Luimnigh	95,305	99,674	104,044	108,414	112,784	117,153	121,523
Meitreo Luimneach	19,126	19,279	19,433	19,587	19,741	19,894	20,048
An Caisleán Nua	28,673	29,201	29,728	30,255	30,782	31,310	31,837
An Cheapach Mhór-Cill Mocheallóg	36,290	36,800	37,311	37,822	38,333	38,843	39,354
Áth Dara-Ráth Caola	29,017	29,407	29,797	30,188	30,578	30,968	31,358
Cathair Luimnigh agus Contae	208,411	214,362	220,314	226,265	232,217	238,168	244,120

Foinse: KPMG-FA bunaithe ar Phlean Forbartha Luimnigh 2022-2028 atá ag teacht chun cinn, Treochlár Forheidhmithe an NPF, agus RSES an Deiscirt.

Cuirtear an t-athrú daonra in aghaidh na bliana laistigh de gach ceantar thar thréimhse na straitéise i láthair i dTábla 4.3 thíos.

Tábla 4.3: Athrú daonra bliantúil thar thréimhse an phlean

	2022	2023	2024	2025	2026	2027	2028
Cathair Luimnigh	4,580	4,370	4,370	4,370	4,370	4,370	4,370
Meitreo Luimneach	769	154	154	154	154	154	154
An Caisleán Nua	649	527	527	527	527	527	527
An Cheapach Mhór-Cill Mocheallóg	670	511	511	511	511	511	511
Áth Dara-Ráth Caola	543	390	390	390	390	390	390
Cathair Luimnigh agus Contae	7,212	5,952	5,952	5,952	5,952	5,952	5,952

Foinse: KPMG-FA bunaithe ar Phlean Forbartha Luimnigh 2022-2028 atá ag teacht chun cinn, Treochlár Forheidhmithe an NPF, agus RSES an Deiscirt.

4.2.2 Éileamh Tithíochta

Léirítear sa chuid seo an chaoi ar breithníodh na Treoirínte Alt 28 a sholáthraíonn an DHLGH mar chuid den mheasúnú ar riachtanais agus éilimh tithíochta sa toadhcháil, mar atá mínithe i gCodanna 1.4 agus 2.1.9. Soláthraítear sna treoirínte modheolaíocht chun spriocanna soláthair tithíochta a ríomh do thréimhse na straitéise. Tá ríomh na spriocanna seo curtha ar fáil ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh dá réir do Chathair agus Chontae Luimnigh agus dá cuid

¹² Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil na figiúirí go léir a chuirtear i láthair sa chaibidil seo slánaithe ón tús chun aon deachúlacha a bhaint de dhaoine agus/nó de theaghlach.

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh

limistéir riaracháin ábhartha (Ceantair Bhardasacha agus HMAanna) le cur i bhfeidhm sa HNDA ag KPMG FA.

Go sonrach, breithníodh éileamh na dteaghlach le linn thréimhse an phlean i rith thréimhse feidhme an phlean do Luimneach. I dTreoirínte Alt 28, déantar scrúdú ar an Sprioc Soláthar Tithíochta chun éileamh na dteaghlach a fháil amach le linn thréimhse an phlean. Athraíodh é seo chun thréimhse an phlean a léiriú go sonrach mar a chuirtear i láthair in Aguisín 4.1 i dTábla 4.1.

Léirítear leis an ríomh seo éileamh tithíochta thar thréimhse sé bliana an phlean a chinntear a bheith mar 15,591 teaghlach nó 2,598 teaghlach in aghaidh na bliana.

Ina theannta sin, rinneadh dí-chomhbhailiú ar éileamh teaghlaigh do Luimneach chun éileamh ag leibhéal HMA a aithint. Tá an t-éileamh seo leithdháilte ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh go leibhéal HMA bunaithe ar bhreithnithe beartais phleanála agus saintréithe daonra agus teaghlaigh reatha agus sa todhchaí mar a shonraítear i gCroi-Straitéis Phlean Forbartha Luimnigh 2022-2028.

Tá an t-éileamh iomlán agus bliantúil ar thithíocht i gCathair agus i gContae Luimnigh agus i ngach HMA faoi seach mar a bunaíodh i ríomh agus dí-chomhbhailiú Alt 28 leagtha amach i dTábla

4.4. Mar a dúradh ag an tús, léirítear leis na figiúirí in 2022* agus 2028* a leathbhlianta faoi seach i bhfianaise dátaí thréimhse an phlean (2022 H2 – 2028 H1)¹³.

Tábla 4.4 Forbhreathnú ar Éileamh Iomlán agus Bliantúil Tithíochta i gContae Luimnigh le linn Thréimhse an Phlean

Margadh Tithíochta Ceantar	2022*	2023	2024	2025	2026	2027	2028*
Cathair Luimnigh	955	1,909	1,909	1,909	1,909	1,909	955
Meitro Luimnigh	34	67	67	67	67	67	34
An Caisleán Nua	115	230	230	230	230	230	115
An Cheapach Mhór-Cill Mocheallóg	111	222	222	222	222	222	111
Áth Dara-Ráth Caola	85	170	170	170	170	170	85
Iomlán	1,299	2,599	2,599	2,599	2,599	2,599	1,299

Foinse: KPMG-FA bunaithe ar Phlean Forbartha Luimnigh 2022-2028 atá ag teacht chun cinn, Treochlár Forheidhmithe an NPF, agus RSES an Deiscirt.

4.2.3 Anailís ar ioncam

Is é ioncam indiúscartha (nó glan) an méid ioncaim, tar éis cáin a asbhaint, atá ar fáil le caitheamh agus le coigilt. Feidhmíonn sé mar thomhas tábhachtach ar chumas teaghlaigh a dteach féin a cheannach (i.e. inacmhainneacht tithíochta). Coigeartaíodh na hioncaim indiúscartha seachtainiúla, míosúla agus bliantúla ar leibhéal náisiúnta ó Shuirbhé Buiséid Teaghlaigh na Príomh-Oifige Staidrimh go leibhéal údaráis áitiúil agus do leibhéal HMA bunaithe ar ráta “boilscithe/díbhailscithe” a chur i bhfeidhm.

¹³ B'fhéidir nach mbeidh suim cheart sna figiúirí mar gheall ar shlánú agus nádúr scoilte na chéad bhliana agus na bliana seo caite

¹⁴ Suirbhé Buiséid Teaghlaigh an POS 2015-2016 chun ailíniú le Daonáireamh 2016. <https://www.cso.ie/en/methods/housingandhouseholds/householdbudgetsurvey/>

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh

Is é ollioncam (nó iomlán) an méid ioncaim roimh asbhaintí cánach a thuilleann duine aonair nó teaghlach. Rinneadh ioncam comhlán (nó iomlán) agus ioncaim indiúscartha a ríomh do gach leibhéal spásúil ábhartha mar atá leagtha amach i dTábla 4.5.

Maidir le hioncam measta in aghaidh na deicile, tá ollioncam foilsithe (2018) agus ioncam indiúscartha ón POS (2018 sealadach) curtha i bhfeidhm. Sa dá chás rinneadh iad seo a oiriúnú le himeacht ama ag úsáid rátaí OTI feidhmiúla do na blianta ábhartha. Rinneadh na figiúirí ioncaim a dhí-chomhbhailiú tuilleadh i ndeich mír ioncaim nó 'deicil' atá beagnach cothrom le chéile trí chion na dteaghlach a chur i bhfeidhm ó Shuirbhé Buiséid Teaghlaigh na Príomh-Oifige Staidrimh. Rinneadh é seo chun dáileadh ioncaim ó theaghlaigh in aghaidh na deicile a léiriú, le húsáid sa mheasúnú inacmhainneachta. Tá tuilleadh sonraí ar ioncam de réir deicil (bliantúil agus míosúil) do gach HMA curtha i láthair in Aguisíní 4.2 go 4.4.

Tábla 4-5: Ioncam comhlán agus indiúscartha díorthaithe ag gach leibhéal spáis

Ioncam	Ioncam comhlán in aghaidh an duine (2017)	Cuibheoir Indiúscartha Indiúscartha in aghaidh an Duine curtha i bhfeidhm (2018*)		
Cathair Luimnigh	€30,261	1.035	€22,271	1.036
Meitro Luimnigh	€35,439	1.212	€26,082	1.213
An Caisleán Nua	€28,959	0.990	€21,313	0.992
An Cheapach	€30,424	1.041	€22,392	1.042
Mhór-Chomhcheallóg	€35,283	1.207	€25,967	1.208

*Sealadach
Foinse: Anailís KPMG-FA.

4.2.4 Dearcadh eacnamaíoch

Is gné lárnach den mhargadh tithíochta an geilleagar áitiúil agus réigiúnach. Go sonrach, is féidir le dálaí eacnamaíocha tionchar a imirt ar riachtanais tithíochta agus ar ioncam teaghlaigh a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar éileamh agus ar sholáthar laistigh den mhargadh. D'fhonn an t-ionchas eacnamaíoch níos fadtéarmaí do Chathair agus do Chontae Luimnigh a léiriú, tá rátaí agus fáis tuartha don Olltáirgeacht Intíre chun athrú ioncaim teaghlaigh a mheas le himeacht ama.

Ullmhaíodh an Straitéis Tithíochta seo le linn na paindéime COVID-19, atá fós ar bun tráth ullmhúcháin agus foilsithe. Chruthaigh sé seo neamhchainteacht nach beag maidir le réamhaisnéisí eacnamaíocha agus is beag tuairisc a thugann rialtais agus comhlachtaí tionscail ar réamhaisnéisí amach anseo. Sa réamhaisnéis eacnamaíoch a cuireadh i bhfeidhm, breithníodh roinnt foinsí sonraí a léiríonn an fhianaise is déanaí atá ar fáil agus an paindéim COVID-19 á mheas.

Tugadh faoi athbhreithniú ar fhás stairiúil OTI chun rátaí fáis a bhunú ón mbunlíne (i.e. 2017 d'ioncam comhlán agus 2018 d'ioncam indiúscartha). Léiríonn sonraí arna bhfoilsíú ag na foinsí a úsáideadh gurb ionann fás náisiúnta OTI agus 8.1% in 2017, agus 8.2% in

¹⁵ Ollioncam CSO 2017 agus Ioncam Indiúscartha 2018 (sealadach): <https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/er/cirgdp/countyincomesandregionalgdp2017/>

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh

2018 agus 5.5% in 2019 faoi seach agus mar sin cuireadh na rátaí fáis OTI seo i bhfeidhm sa HNDA.

Bunaithe ar athbhreithniú ar na réamhaisnéisí eacnamaíocha is déanaí a bhí ar fáil tráth scríofa (curtha i láthair in Aguisín 4.5), cuireadh na rátaí fáis OTI seo a leanas i bhfeidhm sa HNDA chun an fás réamh-mheasta in ioncam teaghlaigh a léiriú:

- **2020:** Fás OTI 2.8%;
- **2021:** Fás OTI 4.3%;
- **2022:** Fás OTI 3.8%;
- **2023:** Fás OTI 3.5%;
- **2024:** Fás OTI 2.8%; agus
- **2025 agus ar aghaidh:** Fás OTI 2.6% in aghaidh na bliana.

4.2.5 Rialacha an Bhainc Cheannais

Tá bearta curtha i bhfeidhm ag Banc Ceannais na hÉireann ar mhorgáistí chun an méid is féidir le tomhaltóirí a fháil ar iasacht chun teach a cheannach a bhainistiú, chun athléimneacht agus cobhsaíocht an mhargaidh tithíochta a neartú. Cuirtear na bearta seo i bhfeidhm trí na teorainneacha iasachta-go-luach (LTV)¹⁶ agus iasacht-go-ioncam (LTI)¹⁷ do mhorgáistí. Mar sin rinne an HNDA anailís ar cibé an bhféadfadh teaghlaigh cáiliú le haghaidh morgáiste a chuirfeadh ar a gcumas teach a cheannach sa bhanda praghsanna is ísle faoi na rialacha seo.

Is iad na príomh-athrúga a úsáidtear chun a chinneadh an féidir le teaghlaigh i ndeicil cáiliú le haghaidh morgáiste chun teach a cheannach laistigh de bhliain ar leith:

- Cóimheas Iasachta-go-Luach (LTV) de 0.90;
- cóimheas uasta Iasachta-go-Ioncam (LTI) de 3.5; agus
- luach uachtarach an chéad bhanda praghsanna tí don bhliain sin.

Mar sin, mura bhfuil ioncam leordhóthanach ag teaghlach chun rialacha an Bhainc Ceannais a chomhlíonadh (i.e. 3.5 oiread a n-ollioncaim níos lú ná 90% de luach tí a cheannach sa bhanda praghsanna réamh-mheasta is ísle don bhliain sin), ní bheidh siad cáilithe le haghaidh morgáiste a chuirfeadh ar a gcumas teach a cheannach ina gceantar ábhartha.

¹⁶ Ceanglaítear leis an teorainn LTV go mbeadh éarlais íosta ag iasachtaíthe sular féidir leo morgáiste a fháil. Ceadáitear suas le 90% LTV do cheannaitheoirí céaduaire, rud a chiallaíonn go gceanglaítear orthu íosmhéid éarlais 10% a sholáthar roimh ré d'aon mhaoín.

¹⁷ Cuireann an teorainn LTI srian ar an méid airgid a fhéadfaidh tú a fháil ar iasacht go dtí 3.5 oiread ioncam comhlán an iasachtaí.

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh

Sa mhéid seo a leanas, tugtar achoimre ar an gcáilíocht ghinearálta do theaghlach bhreise a bhfuiltear ag súil leo ar leibhéal na ndeicíle tháirimhse na straitéise bunaithe ar na leibhéal spásúlachta ábhartha do mhorgáistí, agus i dTábla 4.6 go Tábla 4.10 leagtar amach an toilleadh morgáiste sonracha in aghaidh an deicíl agus inacmhainneacht a ríomh ag na leibhéal spáis éagsúla (ceantar bardasach agus cathair).

- I gCathair Luimnigh ní cháilíonn an chéad deicíl agus an dara deicíl le linn thréimhse na straitéise.
- I Meitro Luimnigh ní cháilíonn an chéad dheicíl agus an dara deicíl le linn thréimhse na straitéise.
- I HMA an Chaisleáin Nua ní cháilíonn an chéad dheicíl agus an dara deicíl le linn thréimhse na straitéise, agus aní cháilíonn an chéad dheicíl, an dara deicíl agus an tríú deicíl le linn 2026-2028.
- I HMA na Ceapaí Móire-Chill Mocheallóg ní cháilíonn an chéad dheicíl agus an dara deicíl le linn thréimhse na straitéise.
- I HMA Áth Dara-Ráth Caola ní cháilíonn an chéad dheicíl agus an dara deicíl don tréimhse 2022-2027, ach ní cháilíonn ach an chéad deicíl do 2028.

Tábla 4.6 Cumas Morgáiste Teaghlach in aghaidh na Deicíle i gCathair Luimnigh

Bliain	2022	2023	2024	2025	2026	2027	2028
<i>An chéad Dheicíl</i>	€47,801	€49,474	€50,860	€52,182	€53,539	€54,931	€56,359
<i>An Dara Deicíl</i>	€79,968	€82,767	€85,084	€87,296	€89,566	€91,895	€94,284
<i>3ú Deicíl</i>	€116,004	€120,065	€123,426	€126,635	€129,928	€133,306	€136,772
<i>4ú Deicíl</i>	€151,801	€157,114	€161,513	€165,713	€170,021	€174,442	€178,977
<i>5ú Deicíl</i>	€192,949	€199,703	€205,294	€210,632	€216,108	€221,727	€227,492
<i>6ú Deicíl</i>	€238,556	€246,905	€253,818	€260,418	€267,189	€274,135	€281,263
<i>7ú Deicíl</i>	€291,423	€301,623	€310,068	€318,130	€326,401	€334,888	€343,595
<i>8ú Deicíl</i>	€355,370	€367,808	€378,107	€387,938	€398,024	€408,373	€418,990
<i>9ú Deicíl</i>	€453,248	€469,112	€482,247	€494,785	€507,650	€520,849	€534,391
<i>10ú Deicíl</i>	€742,693	€768,687	€790,210	€810,756	€831,835	€853,463	€875,653

Tábla 4.7 Cumas Morgáiste Teaghlach in aghaidh na Deicíle i MD Luimnigh

Bliain	2022	2023	2024	2025	2026	2027	2028
<i>An chéad Dheicíl</i>	€55,981	€57,941	€59,563	€61,112	€62,701	€64,331	€66,003
<i>An Dara Deicíl</i>	€93,652	€96,930	€99,644	€102,235	€104,893	€107,620	€110,418
<i>3ú Deicíl</i>	€135,855	€140,610	€144,547	€148,306	€152,162	€156,118	€160,177
<i>4ú Deicíl</i>	€177,778	€184,000	€189,152	€194,070	€199,116	€204,293	€209,604
<i>5ú Deicíl</i>	€225,968	€233,876	€240,425	€246,676	€253,090	€259,670	€266,421
<i>6ú Deicíl</i>	€279,378	€289,156	€297,253	€304,981	€312,911	€321,046	€329,394
<i>7ú Deicíl</i>	€341,292	€353,237	€363,128	€372,569	€382,256	€392,195	€402,392
<i>8ú Deicíl</i>	€416,182	€430,749	€442,810	€454,323	€466,135	€478,255	€490,689

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh

9ú Deicil:	€530,809	€549,388	€564,771	€579,455	€594,520	€609,978	€625,837
10ú Deicil:	€869,785	€900,227	€925,434	€949,495	€974,182	€999,510	€1,025,498

Tábla 4.7 Cumas Morgáiste Teaghlaigh in aghaidh na Deicíle i MD an Chaisleáin Nua

Bliain	2022	2023	2024	2025	2026	2027	2028
An chéad Dheicil	€45,746	€47,347	€48,673	€49,939	€51,237	€52,569	€53,936
An Dara Deicil	€76,530	€79,208	€81,426	€83,543	€85,715	€87,944	€90,230
3ú Deicil	€111,017	€114,902	€118,120	€121,191	€124,342	€127,575	€130,892
4ú Deicil	€145,274	€150,359	€154,569	€158,588	€162,711	€166,942	€171,282
5ú Deicil	€184,654	€191,117	€196,468	€201,576	€206,817	€212,194	€217,711
6ú Deicil	€228,299	€236,290	€242,906	€249,221	€255,701	€262,349	€269,170
7ú Deicil	€278,893	€288,655	€296,737	€304,452	€312,368	€320,489	€328,822
8ú Deicil	€340,091	€351,994	€361,850	€371,258	€380,911	€390,815	€400,976
9ú Deicil	€433,761	€448,942	€461,513	€473,512	€485,824	€498,455	€511,415
10ú Deicil	€710,761	€735,638	€756,235	€775,898	€796,071	€816,769	€838,005

Tábla 4.7 Cumas Morgáiste Teaghlaigh in aghaidh na Deicíle i MD na Ceapaí Móire-Chill Mocheallóg

Bliain	2022	2023	2024	2025	2026	2027	2028
An chéad Dheicil	€48,060	€49,742	€51,135	€52,465	€53,829	€55,228	€56,664
An Dara Deicil	€80,401	€83,215	€85,545	€87,769	€90,051	€92,392	€94,794
3ú Deicil	€116,632	€120,714	€124,095	€127,321	€130,631	€134,028	€137,512
4ú Deicil	€152,623	€157,965	€162,388	€166,610	€170,942	€175,386	€179,946
5ú Deicil	€193,994	€200,784	€206,406	€211,772	€217,278	€222,928	€228,724
6ú Deicil	€239,847	€248,242	€255,193	€261,828	€268,635	€275,620	€282,786
7ú Deicil	€293,000	€303,255	€311,747	€319,852	€328,168	€336,701	€345,455
8ú Deicil	€357,294	€369,799	€380,154	€390,038	€400,179	€410,583	€421,259
9ú Deicil	€455,702	€471,651	€484,858	€497,464	€510,398	€523,668	€537,284
10ú Deicil	€746,713	€772,848	€794,488	€815,145	€836,339	€858,083	€880,393

Tábla 4.7 Cumas Morgáiste Teaghlaigh in aghaidh na Deicíle i MD Áth Dara-Ráth Caola

Bliain	2022	2023	2024	2025	2026	2027	2028
An chéad Dheicil	€55,735	€57,685	€59,300	€60,842	€62,424	€64,047	€65,712
An Dara Deicil	€93,239	€96,503	€99,205	€101,784	€104,431	€107,146	€109,932
3ú Deicil	€135,257	€139,991	€143,910	€147,652	€151,491	€155,430	€159,471
4ú Deicil	€176,994	€183,189	€188,318	€193,214	€198,238	€203,392	€208,680
5ú Deicil	€224,971	€232,845	€239,365	€245,589	€251,974	€258,525	€265,247
6ú Deicil	€278,147	€287,882	€295,942	€303,637	€311,531	€319,631	€327,942
7ú Deicil	€339,788	€351,680	€361,527	€370,927	€380,571	€390,466	€400,618
8ú Deicil	€414,348	€428,850	€440,858	€452,320	€464,080	€476,147	€488,526
9ú Deicil	€528,470	€546,966	€562,281	€576,900	€591,900	€607,289	€623,079
10ú Deicil	€865,951	€896,259	€921,354	€945,309	€969,888	€995,105	€1,020,977

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh

4.2.6 Anailís ar úinéireacht

Leagtar amach sa chuid seo faisnéis chúlra ar threochtaí praghsanna tithe sa mhargadh reatha ag na leibhéil spásúlachta ábhartha. Chun an comhthéacs margaidh is déanaí a chinntiú, roghnaíodh sonraí go dtí 2020 (deireadh na bliana) chun an anailís bhonnline a fhoirmiú agus úsáideadh idirbhearta maoinne mar a thaifeadtar ar an gClár Praghsanna Maoinne Cónaithe (PPR) le linn na tréimhse sin chun praghsanna tithe a thuiscint, chomh maith le dáileadh na n-aonad tithíochta in aghaidh an bhanda praghaís.

5.3.1 Forbhreathnú

Tá Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, ag obair le heagraíochtaí eile lena n-áirítear an Rialtas láir agus Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHBanna), ag lorg raon leathan bealaí chun freastal ar riachtanas tithíochta sóisialta i Luimneach. Is iad na príomhscéimeanna seachadta atá ann faoi láthair ná:



Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh

Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh

- Tionóntacht shóisialta ar cíós i maoin atá faoi úinéireacht agus faoi bhainistiú an údaráis áitiúil agus tionóntacht i maoin atá á bainistiú ag an údarás áitiúil nó atá ar léas ó úinéir príobháideach.
- Tionóntacht shóisialta ar cíós i réadmhaoin atá faoi úinéireacht agus á bainistiú ag AHB.
- Cóiríocht a chuirtear ar fáil go sonrach don Lucht Siúil agus do dhaoine le sainriachtanais tithíochta mar dhaoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas agus daoine gan dídean, srl.
- Tionóntacht ina socraíonn an t-údarás áitiúil léasanna le tiarnaí talún príobháideacha le haghaidh maoin.

Tá gach ceann de na roghanna seo leagtha amach go mion thíos.

5.3.1.1 *Tionóntachtaí cíosa sóisialta ó nó trí Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus AHBanna*

Is le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh stoc suntasach de thithíocht shóisialta agus feidhmíonn sí í, agus 5,412 teach faoi úinéireacht dhíreach údaráis áitiúil i Luimneach. Ina theannta sin, tá an Chomhairle freagrach freisin as tionóntachtaí sóisialta a sheachadadh i maoin a bhainistíonn an Chomhairle nó a léasaíonn úinéir maoin príobháidí.

Tá ról níos tábhachtaí ag AHBanna maidir le freastal ar riachtanais tithíochta go náisiúnta agus i Luimneach le blianta beaga anuas. Is eagraíochtaí neamhbhrabúis iad AHBanna a bhfuil sé mar aidhm acu an riachtanas tithíochta a mhaolú agus tithíocht shóisialta a sholáthar agus a bhainistiú. Bunaíonn bord bainistíochta deonach iad chun leasa an phobail ina bhfuil siad lonnaithe agus déanann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht iad a fhaomhadh agus a mhaoiniú. Tá breis is 40 AHB ag soláthar tithíochta i Luimneach faoi láthair, ag réimsiú ó eagraíochtaí carthanachta áitiúla ar scála beag go comhlachtaí náisiúnta móra ar nós Respond, Cluid, agus Tuath, agus tá pleananna uaillmhianacha ag go leor de na comhlachtaí seo chun tithíocht shóisialta agus inacmhainne nua a sholáthar i Luimneach.

De réir mar a d'athraigh tírdhreach an bheartais tithíochta le blianta beaga anuas, tá raon sásraí seachadta do thithíocht shóisialta ar fáil anois d'údaráis áitiúla agus AHBanna faoi scéimeanna tógála, éadála agus léasaithe:

Tógáil

- Tionscadail tógála a sheachadann an Chomhairle go díreach tríd an gClár Infheistíochta i dTithíocht Shóisialta (SHIP) nó trí scéimeanna athghiniúna
- SHIP Lán-Déanta – tithe nuathógtha ceannaithe go díreach ag an gComhairle ó fhorbróir príobháideach
- Soláthar tithíochta sóisialta faoi **Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)** – tar éis Acht na dTithe Inacmhainne, ceanglaítear le 'Cuid V' Tithíocht ar fhorbróirí 20% den talamh ar scéimeanna cónaithe nó ilúsáide níos mó ná 4 aonad a aistriú d'úsáid tithíochta sóisialta agus inacmhainne. Déantar



Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh

miondealú ar an riachtanas seo idir áitribh sóisialta agus inacmhainne do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a phlé i gCuid 5.3.1.2 thíos. Is féidir an riachtanas seo a sheachadadh trí tailte a aistriú chuig na húdaráis áitiúla, aistriú úinéireachta na n-aonad tithíochta sóisialta críochnaithe ar na tailte (is é seo rogha na Comhairle), aistriú úinéireachta tithe críochnaithe ar thalamh eile nach bhfuil faoi réir chead pleanála ach laistigh den limistéar riaracháin céanna, nó trí léasú fadtéarmach réadmhaoine.

- Tithíocht a sheachadann AHBanna tríd an tSaoráid Léasaithe Réamhíochta Caipitil (CALF), trí thógáil díreach, trí thithe lán-déanta a cheannach, nó trí thithe Cuid V.
- Tithíocht a sheachadann AHBanna do dhaoine scothaosta, do dhaoine gan dídean, do dhaoine faoi mhíchumas, nó d'íospartaigh foréigin teaghlaigh tríd an Scéim Cúnaimh Chaipitil (CAS), trí thógáil díreach, trí thithe lán-déanta a cheannach, nó trí thithe Chuid V.

Éadáil

- Éadálacha SHIP – ceannacháin ag an gComhairle trí mhaoiniú SHIP. D'fhéadfadh go mbeadh tithe a fhaightear ar an margadh oscailte nó go díreach ó institiúidí airgeadais nó infheisteoirí (éadálacha punainne) i gceist leis seo. Tá sé beartaithe é seo a scálu anuas faoi **Thithíocht do Chách** gan aon sprioc ná maoiniú ó 2022 ar aghaidh.
- Scéim Ceannaigh agus Athnuachana – faoin scéim seo is féidir leis an gComhairle maoinne atá faoi bhun caighdeáin a cheannach, atá folamh le breis agus bliain, iad a athchóiriú agus iad a thabhairt ar ais in úsáid mar thithíocht shóisialta.
- Tithíocht ceannaithe ag AHBanna trí na scéimeanna CALF nó CAS.

Léasú

- Léasú díreach fadtéarmach – tithe ar léas go díreach ón earnáil phríobháideach ar feadh tréimhse níos mó ná 10 mbliana. Tá sé seo le críochnú ó 2022 faoi **Thithíocht do Chách**.
- Scéim Léasú Fadtéarmach Feabhsaithe – ceadaíonn an scéim seo d'Údaráis Áitiúla roinnt tithe nua a ligean ar léas ó fhorbróirí institiúideacha nó infheisteoirí ar feadh tréimhse 25 bliain. Tá sé seo le críochnú freisin ó 2022 faoi **Thithíocht do Chách**.
- Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe – cuireann an scéim seo ar chumas na Comhairle úinéirí maoinne a íoc atá faoi bhun an chaighdeáin agus atá folamh as a gcuid maoinne a dheisiú, agus ansin ligean siad an mhaoin nó cuireann siad í ar fáil don údaráis áitiúil le haghaidh tithíochta sóisialta. Comhlánaíonn an scéim seo an Scéim Ceannaigh agus Athnuachana chun cabhrú le húdaráis áitiúla dul i ngleic le tréigtheacht, ceantair uirbeacha a athnuachan agus leas a bhaint as an acmhainneacht de thithe folmha.

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh

- Comhaontú Íocaíochta agus Infhaighteachta – faoin scéim seo cuireann AHB aonaid ar fáil do thithíocht shóisialta ar feadh téarma comhaontaithe, agus sainaitníonn an tÚdarás Áitiúil tionóntaí agus leibhéal cíosa agus déanann sé íocaíochtaí leis an AHB ar bhonn rialta.
- Scéim Morgáiste go Cíos – cuidíonn an scéim seo le húinéirí tí a bhfuil deacracht acu a morgáiste a íoc agus iad ag aistriú ó bheith ina n-úinéir ar a dteach go dtí é a lígean ar cíos mar thionónta tithíochta sóisialta de AHB, agus úinéireacht an tí á aistriú chuig an AHB.

Leanfaidh an Chomhairle agus AHBanna ag úsáid na sásraí agus na scéimeanna seo go léir chun tithíocht shóisialta a chur ar fáil chun freastal ar na riachtanais tithíochta atá ann cheana féin. Cé gur dúshlán suntasach é freastal ar an riachtanas tithíochta, tá spriocanna uailmhianacha leagtha síos trí **Atógáil Éireann** agus leanfaidh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ag cur le seachadadh tithíochta sóisialta de réir na straitéise seo agus an straitéis **Tithíocht Do Chách** 2021 (féach Cuid5.3.3 thíos).

5.3.1.2 Cuid V Ceanglais Tithíochta

Faoi Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), ceanglaítear ar fhorbróirí scéimeanna cónaithe nó ilúsáide níos mó ná 4 aonad 20% den láithreán a aistriú chuig an údarás áitiúil (nó AHB a ghníomhaíonn ar a son) le haghaidh úsáid tithíochta sóisialta agus inacmhainne, ar phraghas atá bunaithe ar chostais seachadta agus brabús teoranta.

Sainítear in Acht na dTithe Inacmhainne, 2021 cineálacha nua tithíochta inacmhainne, a chuimsíonn teaghaisí ceannaigh inacmhainne agus tithíocht ar Cíos ar Chostas. Leasaítear freisin buntaca reachtaíochta agus riachtanais Straitéisí Tithíochta na nÚdarás Áitiúil (faoi Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000) ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear:

- Ceanglas a thabhairt isteach go ndéantar i Straitéis Tithíochta meastachán ar an ngá atá le ceannach inacmhainne agus le costas tithíochta ar cíos (lena n-áirítear trí mheasúnú ar inacmhainneacht cíosa); agus
- Ceanglais tithíochta Chuid V a ardú/athchóiriú go 20% den talamh ar tugadh cead pleanála cónaithe, a gcaithfidh ar a laghad leath de (i.e. ar a laghad 10%) a bheith curtha in áirithe do thithíocht shóisialta agus d'fhéadfadh suas le leath de a bheith comhdhéanta de thithíocht inacmhainne. Nuair a chinntear nach bhfuil tithíocht inacmhainne oiriúnach, ní mór an ceanglas de 20% a chur in áirithe do thithíocht shóisialta.

Ní mór don Straitéis Tithíochta seo agus don HNDA measúnú a dhéanamh ar an ngá atá leis na tionachtaí tithíochta inacmhainne seo (chomh maith le tithíocht shóisialta), agus chun miondealú ar cheanglais tithíochta Chuid V idir shóisialta agus inacmhainne thar thréimhse an Plean Forbartha a chinneadh.

Toisc gur dréachtaíodh an Straitéis Tithíochta seo agus an HNDA ar dtús sular ritheadh Acht na dTithe Inacmhainne 2021, rinneadh anailís bhreise agus fhorlíontach ar an ngá atá leis na tionachtaí nua inacmhainne seo i limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus tá achoimre air le fáil in Aguisín 5.1. Tá achoimre ar na haschuir

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh

den mheasúnú seo i dTábla 5.3 thíos. Ní dhearnadh an anailís seo ach ag leibhéal an Údaráis Áitiúil de bharr srianta ar infhaighteacht sonraí.

5.3.2 Tábla 5.3: An riachtanas tithíochta inacmhainne measta, 2020-2028
(% den iomlán, Cathair agus Contae Luimnigh)

Bliain	Inacmhainneacht Srián
2020	4.0%
2021	5.9%
2022	8.8%
2023	9.8%
2024	11.8%
2025	13.7%
2026	14.7%
2027	15.7%
2028	16.7%
2022-2028	13.0%

Léirítear leis an anailís seo go bhfuil meánriachtanas measta do thithíocht inacmhainne de thart ar 13% thar thréimhse an phlean. Léiríonn sé seo go mbeadh miondealú cothrom ar riachtanais Chuid V de 10% de thithíocht shóisialta agus 10% de thithíocht inacmhainne oiriúnach do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh thar thréimhse an phlean 2022-2028.

Mar sin féin, tá an ceanglas seo faoi réir roinnt factóirí nuair a chuirtear i bhfeidhm é ar iarratais phleanála aonair:

- Beidh feidhm ag ceanglas Chuid V níos ísle de 10% (le húsáid mar thithíocht shóisialta amháin) maidir le talamh a ceannaíodh idir an 1 Meán Fómhair 2015 agus an 31 Iúil 2021 agus cead tugtha d'fhorbairt chónaithe nó ilúsáide idir an 3 Meán Fómhair 2021 agus an 31 Iúil 2026. Tá sé seo beartaithe le cosc a chur ar na ceanglais nua dul i bhfeidhm ar inmharthanacht na forbartha.
- Beidh soláthar teaghaisí a cheannach ar phraghas réasúnta nó ar Chíos ar Chostas ar láithreáin aonair faoi réir treorach náisiúnta agus factóirí áitiúla. Breithneoidh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh factóirí mar riachtanas áitiúil, éileamh áitiúil, airgeadas, inmharthanacht, factóirí oibriúcháin, agus an gá atá le meascán sóisialta agus ioncaim agus éagsúlú tionachta a sheachadadh, agus comhaontú Chuid V á dhréachtú d'iarratais phleanála aonair.
- Féadfar bealaí eile a shaothrú chun gnóthachan phleanála Chuid V a fháil sa chás nach meastar go bhfuil tithíocht inacmhainne oiriúnach, de réir na treorach náisiúnta.

Mar sin, i gceanglas Phlean Forbartha Luimnigh 2022-2028 faoi Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 do thailte ar tugadh cead dóibh forbairt tithíochta, cuimseofar 10% de thithíocht shóisialta agus 10% de thithíocht inacmhainne, faoi réir treorach agus rialacháin náisiúnta agus faoi réir cinneadh Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh Cathair Luimnigh maidir le hoiriúnacht soláthar tithíochta inacmhainne ar láithreáin aonair.



5.3.2.1 Tacaíocht do sholáthar speisialtóra

Cuireann an Chomhairle lóistín ar fáil go sonrach do ghrúpaí ar leith ar nós an Lucht Siúil agus do dhaoine a bhfuil sainriachtanais tithíochta acu ar nós daoine faoi mhíchumas agus daoine gan dídean. Tá an riachtanas reatha agus réamh-mheasta do sholáthar tithíochta ar bhonn sainriachtanais leagtha amach i gCuid 4.4.5 thuas.

I bhformhór na gcásanna, déanfar tithíocht shóisialta nua do dhaoine a bhfuil sainriachtanais acu ar nós daoine faoi mhíchumas, aois, easpa dídine agus riachtanais eile a sholáthar trí scéimeanna seachadta tithíochta údaráis áitiúil nó AHB mar a leagtar amach thuas. Tá úinéireacht ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh ar thithíocht a fhreastalaíonn ar riachtanais grúpaí éagsúla daoine agus oibríonn sí chun tithíocht a leithdháileadh atá oiriúnach do riachtanais aonair. Déanann roinnt AHBanna sainfheidhmiú freisin ar sholáthar tithíochta do chineálacha sainriachtanais, ar nós daoine faoi mhíchumas/tinneas fadtéarmach, daoine scothaosta agus daoine gan dídean.

Ceann de na naoi bpríomhaidhm straitéiseacha atá ag an **Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2011 - 2016** is é *"tacú le daoine faoi mhíchumas maireachtáil go neamhspleách ina dtithe agus ina bpobail féin, nuair is cuí"* (Ich 7). Léiríonn sé seo an tábhacht rithábhachtach a bhaineann le maireachtáil neamhspleách do go leor daoine faoi mhíchumas agus mian le hinrochtaineacht a chur chun cinn agus roghanna deartha cothroma a chur ar fáil. Chun cabhrú leis an ardmhian seo a chomhlíonadh, feidhmíonn Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh a **Deontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas** chun cabhrú le daoine faoi mhíchumas athruithe nó modhnuithe a dhéanamh ar a dtithe féin, a cheadóidh a dtithe féin a oiriúnú dá riachtanais. Faoin scéim seo (a d'fhéadfadh cur i bhfeidhm ar thithíocht úinéir-áitithe, ar cíos príobháideach, agus sóisialta) maoineoidh an Chomhairle athruithe mar rampaí rochtana, áiseanna leithris thíos staighre, ardaitheoirí staighre, cithfholcadáin inrochtana, oiriúnuithe chun rochtain do chathaoireacha rothaí a éascú, sintí, agus oibreacha eile. Feidhmíonn an Chomhairle freisin a **Deontas Áiseanna Soghluasteachta** chun cur ar chumas daoine scothaosta agus/nó daoine faoi mhíchumas rochtain ar a dteach a fheabhsú, agus a **Deontas Cúnaimh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta** chun cabhrú le daoine scothaosta deisiúcháin riachtanacha a dhéanamh ionas gur féidir leo leanúint ar aghaidh ag maireachtáil ina dteach féin.

Cuireann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) tacaíochtaí breise ar fáil freisin do dhaoine faoi mhíchumas chun cur ar chumas daoine maireachtáil ina dteach féin chomh neamhspleách agus is féidir, lena n-áirítear seirbhísí cúnaimh phearsanta, tacaíocht baile, seirbhísí lae, seirbhísí faoisimh, agus seirbhísí cónaitheach lánaimseartha agus páirtaimseartha arna soláthar ag an FSS nó eagraíochtaí míchumais eile.

Faoi fhorálacha an **Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998** ceanglaítear ar gach údarás áitiúil a **Clár Cóiríochta don Lucht Siúil (TAP)** a ullmhú, a ghlacadh agus a chur chun feidhme chun freastal ar riachtanais chóiríochta an Lucht Siúil dúchasach. Cumhdaítear sa TAP reatha do Chathair agus do Chontae Luimnigh an tréimhse 2019-2024 agus leagtar amach ann straitéisí chun lóistín agus tacaíocht a sholáthar don Lucht Siúil. Leagtar amach ann an soláthar reatha cóiríochta don Lucht Siúil ar fud Luimnigh agus déanann measúnú ar an riachtanas atá ann faoi láthair. Measadh go raibh 159 teaghlach de dhíth ar chóiríocht ó mhí na Bealtaine 2019 mar



Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh

aon le 80 teaghlach breise a bhfuil cónaí orthu i gcóiríocht sainiúil don Lucht Siúil de chuid an údaráis áitiúil i gCeantar Cathrach Luimnigh agus iad ag lorg tacaíochta freisin i bhfoirm cóiríochta uasghrádaithe nó aistriú go cóiríocht eile. Réamh-mheastar riachtanais thar thréimhse an Chláir, agus meastar go bhféadfadh 60 teaghlach breise cúnamh cóiríochta a lorg ón gComhairle idir 2019 agus 2024. Moltar sa Chlár go dtabharfar cúnamh do 105 teaghlach le cóiríocht nua nó feabhsaithe thar shruthanna seachadta éagsúla, lena n-áirítear tacaíochtaí ginearálta tithíochta agus roghanna cóiríochta a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil trí chlár feabhsuithe thar roinnt suíomhanna cóiríochta don Lucht Siúil i gCathair agus i gContae Luimnigh.

5.3.2 Tacaíocht Údaráis Áitiúil trí léasanna le tiarnaí talún príobháideacha

Is féidir le húdaráis áitiúla freastal ar riachtanais tithíochta freisin trí léasanna gearrthéarmacha nó fadtéarmacha a shocrú le tiarnaí talún príobháideacha le haghaidh maoinne. Is féidir le teaghlaigh tacaíocht a fháil trí cheachtar an **locaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)** nó an **Scéim Cóiríochta ar Cíos (RAS)**.

Is scéim í an ÍCT a tugadh isteach in 2014 do dhaoine a bhfuil riachtanas tithíochta fadtéarmach acu agus a cháilíonn le haghaidh tacaíochta tithíochta sóisialta. Tá sé á riar ag údaráis áitiúla agus tíoctaidh sé in ionad RAS ar deireadh. Faoin scéim ÍCT, aimsíonn an t-iarratasóir cóiríocht phríobháideach ar cíos cuí (laistigh de theorainneacha sonracha) agus ansin íocann an t-údarás áitiúil an cíos margaidh go díreach leis an tiarna talún, agus íocann an tionónta cíos leis an údarás áitiúil bunaithe ar an scéim cíosa dífreálach a úsáidtear le haghaidh tithíochta sóisialta.

Freastalaíonn an RAS ar riachtanais chóiríochta daoine a bhfuil forlíonadh cíosa á fháil acu agus a mheasúnaítear go bhfuil riachtanas tithíochta fadtéarmach acu. Murab ionann agus ÍCT, déanann an t-údarás áitiúil an tionóntacht a idirbheartú faoi RAS.

Tá RAS agus ÍCT mar chuid de thriúdhreach na tithíochta sóisialta inacmhainne atá ag éirí níos tábhachtaí le blianta beaga anuas agus táthar ag súil go bhfreastalóidh siad ar riachtanais tithíochta líon suntasach teaghlach i Luimneach, lena n-áirítear faoi spriocanna atá leagtha síos ag an tionscnamh **Atógáil Éireann**.

5.3.3 Modhanna agus spriocanna seachadta

Is tionscnamh é **Atógáil Éireann** de chuid an Rialtais chun dul i ngleic leis an ngéarchéim tithíochta agus chun tithe nua a sholáthar. Áirítear ar a cúig cholún *Colún 2 'Tithíocht Shóisialta a Bhrostú'*.

Tá sé mar aidhm ag **Atógáil Éireann** soláthar tithíochta sóisialta a mhéadú trí raon sásraí seachadta, lena n-áirítear seachadadh díreach tithe nua ag údaráis áitiúla agus CTCanna, fáil agus léasú tithe nua, agus úsáid na Scéime ÍCT agus RAS. Tá sé mar aidhm ag **Atógáil Éireann** spriocanna uailmhianacha do gach údarás áitiúil, lena n-áirítear sprioc de 1,365 teach do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh thar an tréimhse 2018-2021. Is iad na spriocanna is déanaí do 2021 ná 441 teach sóisialta nuathógtha, 10 n-aonad seachadta trí éadálacha, agus 83 aonad arna seachadadh trí léasú. Is é 2020 an bhliain is déanaí a bhfuil sonraí seachadta iomlána ar fáil ina leith.

D'fhulaing aschur tithíochta sóisialta faoi **Atógáil Éireann** ar fud na tíre moilliú in 2020 de bharr tionchar na Paindéime COVID-19, agus thit aschur náisiúnta tógála, éadála agus léasaithe ó 10,007 in 2019 go 7,827 in 2020. Léirítear an moilliú seo i



Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh

Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh

Luimneach, inar seachadadh 190 teach sóisialta nua faoi shruthanna nuathógála, éadála agus léasaithe in 2020 (mar a léirítear i dTábla 5.4 thíos) i gcomparáid le 263 in 2019. Cuireadh cóiríocht ar fáil do 530 teaghlach eile faoi na scéimeanna RAS agus ÍCT in 2020, laghdú beag ó 557 in 2019.

Tábla 5.4: Seachadadh faoi shruthanna Atógáil Éireann, 2020

Sruthanna Atógáil Éireann Luimnigh	Cathair	agus
Tógáil		107
(Tógáil Nua Údaráis Áitiúil)		19
(Tógáil Nua AHB)		68
(Tógáil Nua Chuid V)		20
Éadáil		25
Léasú		58
Tógáil, Éadáil, Léasú Iomlán		193
ÍCT agus RAS		530
Gach Sruth		723

Foinse: Atógáil Éireann/An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

Foilsíodh na sonraí is déanaí maidir le tógáil leanúnach tithíochta sóisialta faoi **Atógáil Éireann** i mí Dheireadh Fómhair 2020.²⁷ Tugtar le fios go raibh 364 teach sóisialta nua curtha ar fáil ar fud Luimnigh thar 46 scéim ó R2 2020. Áirítear leis seo 19 scéim athghiniúna go príomha i gCathair Luimnigh. Taifeadadh 913 aonad pleanáilte breise mar a bhí sa phíblíne seachadta ag céimeanna éagsúla den phróiseas ceadaithe ó mheasúnú caipitil go tógáil, lena n-áirítear 375 aonad ar thionscadail a taifeadadh ar an láthair agus á dtógáil.

Tá **Atógáil Éireann** le bheith críochnaithe in 2021 agus cuirfear plean nua ainmnithe ina áit **Tithíocht do Chách** (2021). Féachfaidh an straitéis seo le 50,000 teach sóisialta nua a sheachadadh go dtí 2025 agus leagfar síos spriocanna seachadta nua d'údaráis áitiúla.

Faoi **Thithíocht do Chách**, leithdháileadh sprioc de 2,963 aonad ar Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh idir 2022 agus 2026, le seachadadh go príomha trí chláir nuathógála le thart ar 40% le seachadadh ag an earnáil AHB agus thart ar 60% le tógáil go díreach ag an gComhairle .

²⁷ Tuarascáil Stádais ar Thionscadail Tógála Tithíochta Sóisialta, R2 2020, An Roinn Tithíochta: <https://rebuildingireland.ie/news/minister-obrien-publishes-social-housing-construction-status-report-for-q2-2020/>

5.3.4 Athghiniúint, athbheochan uirbeach, agus freastal ar riachtanas tithíochta

Beidh ról ríthábhachtach ag athnuachan uirbeach maidir le tithe nua a sheachadadh i Luimneach agus i gCathair Luimnigh go háirithe. Tá athnuachan Chathair Luimnigh aitheanta mar phríomhthosaíocht i mbeartas náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil lena n-áirítear an NPF agus RSES. Aithníodh sa phlean **Luimneach 2030** acmhainn do 1,000 teach nua ar a laghad i lár na cathrach, agus tá sprioc tithíochta de 11,274 aonad socráithe ag Plean Forbartha Luimnigh 2022-2028 don Chathair agus do na Bruachbhailte.

Limistéir Athghiniúna

Tá ceithre limistéir athnuachana reachtúla aitheanta sa **Phlean Forheidhmithe Chreat Athghiniúna Luimnigh** – Maigh Rois, Páirc Mhuire/Oileán an Rí, An Cnoc Theas, agus Béal Átha na Cora Weston. Tá sé mar aidhm ag an gCreat Athghiniúna na ceantair seo a athbheochan ionas go mbeidh siad ina gcomharsanachtaí níos tarraingtí ar féidir leo cur le rath iomlán Luimnigh mar chathair faoi bhláth. Príomhaidhm is ea éagsúlú tionachta sna ceantair seo chun gníomhú in aghaidh deighilte míchuí sa tithíocht idir daoine ó chúlraí sóisialta agus ioncaim éagsúla. Déanfar é seo a shaothrú freisin chun dul i ngleic le comhchruinnithe díothachta sóisialta sna limistéir athghiniúna agus chun dul i ngleic le stiogma sóisialta. Mar thoradh air sin, beidh sé mar phríomhaidhm sna ceantair seo tithe nua a sholáthar d'úinéireacht phríobháideach agus do chíos príobháideach, agus beidh soláthar tithíochta sóisialta dírithe ar uasghrádú nó athsholáthar de thithe atá ann cheana féin.

Athnuachan agus forbairt uirbeach

Beidh athnuachan agus forbairt uirbeach i gCathair Luimnigh mar phríomhthosaíocht náisiúnta freisin thar thréimhse na Straitéise. Beidh soláthar tithe sóisialta agus inacmhainne nua ar láithreáin athfhorbraíochta i gCathair Luimnigh ina bhealach tábhachtach chun freastal ar an riachtanas do thithíocht shóisialta agus inacmhainne, agus aird á tabhairt ar na coinníollacha sóisialta atá ann cheana féin agus ar an ngá atá le gníomhú in aghaidh leithscaradh míchuí i dtithíocht idir daoine ó chúlraí sóisialta agus ioncaim éagsúla. I measc na mórshuíomhanna agus na limistéir ina ndéanfar tithíocht a sheachadadh thar thréimhse an phlean tá Ceathrú Stáisiún Cholbhaird agus lár na cathrach Seoirseach níos leithne. Foilsíodh **Dréacht-Chreat Spáis do Cheathrú Cholbhaird** i mí Mheán Fómhair 2021. Tá an creat seo ar aon dul le Plean Forbartha Luimnigh 2022-2028. Tá an poitéinseal ag Ceathrú Cholbhaird faoin gcreat seo do raon de 2,540 - 2,830 teach nua ag díriú ar thithíocht inacmhainne le meascán tionachta do gach glúin lena n-áirítear sainchóiríocht, cé nach bhfuil miondealú cruinn tionachta socráithe fós. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal freisin naisc a neartú, meascán de thithe ardchaighdeán a chur ar fáil agus deiseanna chun cónaí agus oibriú i lár na cathrach a chruthú, ag socrú an ardáin do cheathrú uirbeach bríomhar, ilchineálach, sóisialta.

Bealach tábhachtach amháin leis an tithíocht seo a sheachadadh ná tríd an nGníomhaireacht Forbartha Talún (LDA). Is comhlachtaí státurraithe é an LDA chun talamh atá faoi rialú an Stáit a chomhordú le haghaidh na n-úsáidí is fearr agus is féidir, le béim ar sholáthar tithíochta agus soláthar níos láidre de thalamh tithíochta a sholáthar in ionaid uirbeacha. Foráiltear leis an Acht um Ghníomhaireacht Forbartha

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh

Straitéis Tithíochta agus HNDÁ Chontae agus Chathair Luimnigh

Talún 2021 an bunús reachtach chun sprioc an LDA a neartú maidir le soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne a mhéadú, le céatadán socraithe na tithíochta a cuireadh ar fáil ar thalamh poiblí ábhartha atá curtha in áirithe do thithíocht shóisialta agus inacmhainne lena n-áirítear tionachtaí inacmhainne nua agus éiritheacha (50% i gcathracha agus i mbailte faoi bhun 150,000 daonra).

Beidh ról thábhachtach ag AHBanna agus ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh chomh maith leis an earnáil phríobháideach i seachadadh tithe nua ar mhórshuímh uirbeacha i gCathair Luimnigh. D'éirigh leis an gComhairle iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú do roinnt tionscadal i gCathair Luimnigh faoin gCiste Náisiúnta um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (URDF), lena n-áirítear scéimeanna chun tithe folmha nó tearcúsáidte a athnuachan i lár na cathrach Seoirseach. Leanfaidh soláthar tithíochta nua agus athchóirithe lena n-áirítear tithíocht shóisialta agus inacmhainne le ról thábhachtach a imirt in athbheochan Chathair Luimnigh.

5.4 Conclúid: freastal ar riachtanais amach anseo

I gCuid 4, leagtar amach na riachtanais tithíochta iomlána do Luimneach thar thréimhse na straitéise bunaithe ar an anailís HNDÁ a rinneadh. Tá achoimre thíos ar aschuir na hanailíse seo. Tá sé seo tuartha go mbeidh riachtanas iomlán tithíochta sóisialta agus inacmhainne de **3,107** teaghlach thar thréimhse na straitéise 2022-2028, arb ionann é agus 19.9% de na teaghlaigh nua a bhfuiltear ag súil leo thar an tréimhse. Beidh an riachtanas seo is airde go comhréireach i gCathair Luimnigh agus sna Bruachbhailte agus is ísle in Áth Dara-Ráth Caola.

Tábla 5.5: Achoimre ar riachtanais tithíochta sóisialta 2022-2028

Ceantar	Líon na dTeaghlach Réamh-mheasta Breise	Riachtanas tithíochta sóisialta	Easnamh Tithíochta (%)
Cathair Luimnigh agus na Bruachbhailte	11,454	2,337	20.4%
MD Luimnigh (An chuid eile)	402	82	20.4%
MD Áth Dara-Ráth Caola	1,019	199	19.5%
MD an Chaisleáin Nua	1,382	226	16.4%
An Cheapach Mhór-Cill Mocheallóg MD	1,334	263	19.7%
Cathair Luimnigh agus Contae Iomlán	15,591	3,107	19.9%

Foinse: Anailísíocht Todhchaí KPMG.

Déanfar freastal ar an riachtanas tuartha measúnaithe seo (chomh maith leis an riachtanas reatha atá gan réiteach) trí mheascán de mhodhanna seachadta mar atá leagtha amach sa chuid seo. Tacóidh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le soláthar tithe sóisialta nua agus tithe inacmhainne (nuair a fhaigheann siad tacaíocht trí fhóirdheontas ón Rialtas láir), go díreach agus trí AHBanna sa chontae. Soláthrófar tithe sóisialta agus inacmhainne nua trí thógálacha díreacha (úsáid a bhaint as raon meicníochtaí maoinithe lena n-áirítear tacaíochtaí díreacha Stáit), trí shocrúithe éadála, agus trí shocrúithe léasaithe.

Déanfar freastal ar riachtanais tithíochta freisin trí thionóntachtaí ÍCT agus RAS a

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh

sholáthar, rud a chuirfidh ar chumas na dteaghlach atá i ngátar rochtain a fháil ar chóiríocht san earnáil cíosa príobháideach ar chíos atá siad ábalta a íoc. I gCuid 6, leagtar amach beartais a thacóidh le soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne chun freastal ar riachtanas measúnaithe i Luimneach thar thréimhse na straitéise, chomh maith le tacú le seachadadh níos leithne pleanála inbhuanaithe agus tithíochta i Luimneach.

6 Cuspóirí beartais chun an Straitéis Tithíochta a sheachadadh

Tá athbhreithniú déanta ag an straitéis tithíochta seo ar riachtanais tithíochta reatha agus sa todhchaí i gCathair agus i gContae Luimnigh, lena leagtar amach bonn fianaise do Phlean Forbartha Luimnigh 2022-2028 chun planáil do thithíocht inbhuanaithe agus inacmhainne thar thréimhse na straitéise.

Sa chuid seo, leagtar amach prionsabail agus cuspóirí beartais chun tacú le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh planáil le haghaidh tithíocht nua agus iad a sheachadadh trí Phlean Forbartha Luimnigh 2022-2028. Tá siad seo bunaithe ar an anailís ar an gcomhthéacs tithíochta i Luimneach mar atá leagtha amach sa Straitéis seo.

6.1 Prionsabail chun cuspóirí beartais Straitéis Tithíochta Luimnigh a threorú

Sa chuid seo, leagtar amach príomhphrionsabail chun a chinntiú go bhfuil beartas tithíochta do Luimneach thar thréimhse na straitéise láidir. Tarlóidh seachadadh tithíochta thar thréimhse na straitéise agus ina dhiaidh sin i gcomhthéacs na ndúshlán forluiteach a bhaineann le dóthain tithíochta a sholáthar do dhaonra atá ag fás, dul i ngleic le hathrú aeráide, agus feabhas a chur ar fholláine shóisialta agus eacnamaíoch na bpobal. Ní mór do bheartas tithíochta cuidiú le forbairt inbhuanaithe a sheachadadh agus le Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta an NPF a chomhlíonadh. Mar sin, chun na dúshlán níos leithne seo a léiriú, tá cuspóirí beartais na Straitéise Tithíochta seo á dtreorú ag na prionsabail leathana seo a leanas:

- Forbairt inbhuanaithe a sheachadadh trí thithe nua tarraingteacha oiriúnacha a sholáthar, fás dlúth, athléimneacht comhshaoil agus aeráide a chur chun cinn, agus cathracha, bailte agus sráidbhailte láidre a bhfuil rochtain mhaith acu ar thaitneamhachtaí, poist agus seirbhísí.
- Tithíocht ar ardchaighdeán a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais mhuintir ilghnéitheach Luimnigh de gach cúlra, imthosca, agus ioncaim, agus a chuireann pobail láidre mheasctha chun cinn.
- Tacú le hathghiniúint i gCathair Luimnigh agus i mbailte agus sráidbhailte i gContae Luimnigh, agus áiteanna láidre, tarraingteacha, bríomhara agus cuimsitheacha sóisialta a chur chun cinn.
- Solúbthacht a sholáthar chun freastal ar riachtanais agus ar chúinsí nua a thagann chun cinn thar thréimhse na straitéise agus ina dhiaidh sin.
- Tacú le ról daonlathach Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus na bpobal áitiúil i Luimneach chun tithíocht agus forbairt sa todhchaí a mhúnlú.

Dréachtaíodh na cuspóirí beartais seo a leanas de réir na bprionsabal seo chun soláthar tithíochta inbhuanaithe a threorú agus tacú leis trí phleanáil spásúlachta éifeachtach ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh.



6.2 Cuspóirí beartais do Straitéis Tithíochta Luimnigh 2022-2028

Tá sé mar chuspóir ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh:	
PO1	Tithe nua a sholáthar chun freastal ar na riachtanais tithíochta a bhfuiltear ag súil leo amach anseo sa Chathair agus sa Chontae mar a shaináithnítear sa HNDA agus sa Sprioc Soláthar Tithíochta. Leanfar le Sprioc Soláthar Tithíochta de 15,591 teach thar thréimhse an phlean chun freastal ar riachtanais mar thoradh ar an éileamh réamh-mheasta ar thithíocht. Cuirfear tithe nua ar fáil ar bhealach pleanáilte agus comhordaithe de réir aidhmeanna agus beartais na Croí-Straitéise, an RSES, MASP Luimnigh/na Sionainne, agus an Chreat Pleanála Náisiúnta.
PO2	Féachaint le tithíocht a bheith ar fáil chun freastal ar riachtanais daoine de gach riachtanas agus ioncam i Luimneach, le meascán cuí de mhéideanna, cineálacha agus tionachtaí tithíochta i láithreacha oiriúnacha.
PO3	Úsáid éifeachtúil an stoic tithíochta atá sa Chathair agus sa Chontae a chur chun cinn, trí bhearta réamhghníomhacha lena n-áirítear scéimeanna príobháideacha um laghdú méide a chur chun cinn chun éascú a dhéanamh ar úinéirí-áititheoirí ar mian leo aistriú chuig scéim tithíochta do dhaoine scothaosta arna mbainistiú ag an gComhairle/AHB atá níos oiriúnaí dá gcuid riachtanais, agus foroinnt na dteaghaisí móra atá ann cheana féin a chur chun cinn go tithe níos lú ar bhealach atá comhsheasmhach le beartais phleanála chun freastal ar an éileamh ar réadmhaoin 1 agus 2 sheomra leapa.
PO4	Soláthar a dhéanamh do riachtanas tithíochta neamhchomhlíonta mar atá aitheanta ag measúnú riachtanas tithíochta sóisialta Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh trí thithíocht shóisialta agus inacmhainne a chur ar fáil trí úsáid a bhaint as raon meicníochtaí seachadta lena n-áirítear seachadadh díreach ag an gComhairle, seachadadh trí Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, agus socrúithe léasaithe fadtéarmacha arna n-eagrú ag an gComhairle le tiarnaí talún príobháideacha.
PO5	Tithíocht shóisialta agus inacmhainne a sholáthar chun freastal ar an riachtanas tithíochta nua atá tuartha amach anseo thar thréimhse an phlean mar a shaináithnítear sa HNDA. Féachfaidh an Chomhairle le 3,107 aonad breise tithíochta sóisialta agus inacmhainne a sheachadadh thar thréimhse an phlean 2022-2028 chun freastal ar an riachtanas réamh-mheasta de réir mar a cheadaíonn acmhainní. Soláthrófar aonaid nua tithíochta sóisialta agus inacmhainne ag féachaint d'aidhmeanna agus polasaithe níos leithne Phlean Forbartha Luimnigh agus de réir bheartas réigiúnach agus cuspóirí agus spriocanna rialtais, lena n-áirítear an gá le fás inbhuanaithe dlúth a sheachadadh chomh maith le meascán éagsúil de chineálacha tithíochta agus tionachtaí. Déanfar tithíocht shóisialta agus inacmhainne a sheachadadh trí raon sásraí lena n-áirítear soláthar díreach ag an gComhairle, ag Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, agus trí thionóntachtaí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha arna socrú ag an gComhairle le tiarnaí talún príobháideacha.

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh

Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh

PO6	Tailte atá criosaithe le haghaidh úsáide cónaithe a éileamh, nó le haghaidh meascán d'úsáidí cónaithe agus eile agus aon talamh nach bhfuil criosaithe le haghaidh úsáide cónaithe, ná le haghaidh meascán d'úsáidí cónaithe agus eile, a dtugtar cead ina leith chun 4 leanbh nó tithe a fhorbairt cloí leis an Acht um Thithíocht Inacmhainne 2021 agus Cuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) agus aon dhiaidh leasú air. Coimeádann an Chomhairle an ceart chun cinneadh a dhéanamh ar oiriúnacht Costas 'Cuid V' seachadadh cíosa agus/nó ceannaigh inacmhainne ar láithreáin aonair ar bhonn cás ar chás.
PO7	Tacú le dearadh ardchaighdeán i dtithíocht nua agus tithíocht a chur chun cinn atá tarraingteach, sábháilte, agus oiriúnaithe do riachtanais na dteaghlach atá ann agus a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear méideanna na dteaghlach amach anseo.
PO8	Tithíocht atá oiriúnach do riachtanais daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus a sholáthar. Tacóidh an Chomhairle le húsáid phrionsabail an Dearaidh Uilíoch, dearadh tithíochta inoiriúnaithe agus Tithe ar feadh an tSaoil i bhforbairtí nua tithíochta agus cuirfidh sí chun cinn iad chun freastal ar riachtanais grúpaí éagsúla agus daonra atá ag dul in aois. Dearfar gach scéim nua cónaithe ag féachaint do chaighdeán an Údaráis Náisiúnta Míchumais.
PO9	A lorg go soláthróidh seachadadh tithíochta nua thar thréimhse na straitéise forbairt inbhuanaithe i Luimneach agus go mbainfear amach spriocanna maidir le dlúthfhás agus athghiniúint faoin NPF, RSES agus MASP Luimnigh/na Sionainne, lena n-áirítear an riachtanas go mbeidh ar a laghad 50% de gach teach nua i gCathair Luimnigh agus Bruachbhailte agus ar a laghad 30% de na tithe nua go léir i lonnaíochtaí eile a sheachadadh laistigh den lorg tógtha atá ann cheana féin.
PO10	A lorg go dtacóidh seachadadh tithíochta nua thar thréimhse na straitéise le hathnuachan uirbeach agus go neartófar ról agus inmharthanacht Chathair Luimnigh agus na mbailte agus na sráidbhailte i gContae Luimnigh. Féachfaidh an chomhairle go dtacóidh seachadadh tithíochta nua le tosaíochtaí athghiniúna aitheanta i gCathair Luimnigh, go dtabharfar aghaidh ar dhíothacht shóisialta agus éagothroime, agus gníomhú in aghaidh deighilt mhíchúí sa tithíocht idir daoine ó chúlraí sóisialta éagsúla. Oibreoidh an Chomhairle le comhlachtaí ábhartha lena n-áirítear an Ghníomhaireacht Forbartha Talún, an rialtas láir, CTCanna, soláthraithe tithíochta príobháideacha, agus grúpaí pobail chun a chinntiú go gcomhlíonann seachadadh tithíochta tosaíochtaí athnuachana uirbí.
PO11	Tacú le seachadadh athghiniúna i gceantair aitheanta de Chathair Luimnigh de réir Phlean Forfheidhmithe Chreat Athghiniúna Luimnigh. Áirítear leis seo: <ul style="list-style-type: none"> • Leanúint ar aghaidh ag cinntiú go bhfreastalaítear ar an ngá le tithíocht a ghintear trí athchóiriú tithíochta, athsholáthairtí agus plódaithe laistigh de gach limistéar athghiniúna. • A chinntiú go bhfuil suíomhanna le haghaidh tithíochta athsholáthair dea-suite laistigh d'achar siúil ó lárionaid dúiche agus moil seirbhíse/pobail • A chinntiú nach dtabharfar isteach aon thionóntaí nua tithíochta sóisialta ar cíos ó lasmuigh de na limistéir athbheochana isteach sna



Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh

	<p>ceantair athghiniúna ach amháin na teaghlaigh sin atá easáitithe as na ceantair ar mian leo bogadh ar ais go dtí na ceantair athghiniúna</p> <ul style="list-style-type: none">• Meascán sóisialta agus ioncaim agus éagsúlú tionachta a chur chun cinn trí thithíocht phríobháideach agus inacmhainne nua a fhorbairt (lena n-áirítear tionachtaí inacmhainne agus idirmheánacha ar nós Cíos ar Costas agus tithíocht cheannaigh inacmhainne)
PO12	<p>A chinntiú go gcuirtear meascán sóisialta agus tionachta chun cinn le seachadadh tithíochta lándéanta, sóisialta agus inacmhainne. Díreofar ar thithíocht úrnuá ar mhórscála (os cionn 25 aonad) a thógtar don Chomhairle nó do AHBanna ar mheascán tionachta 30% ar Cíos Sóisialta (lena n-áirítear tithe sóisialta ginearálta agus soláthar speisialaithe), 20% Príobháideach (le haghaidh úinéireachta nó cíosa), agus 50% Inacmhainne (lena n-áirítear tithe le haghaidh Ceannach Inacmhainne, Cíos Costais, agus Scéim Incriminteach um Thógáil Nua).</p>
PO13	<p>A chinntiú go ndispreagtar tograí lándéanta agus léasaithe d'úsáid chónaithe shóisialta-chíosa laistigh de cheantair atá sainmhínithe mar 'an-mhíbhuntáiste' agus 'thar a bheith faoi mhíbhuntáiste' in Innéacs Díothachta Pobal HP, chun gníomhú in aghaidh deighilt mhíchúí sa tithíocht idir daoine a bhfuil cúlraí agus ioncaim shóisialta éagsúla acu.</p>
PO14	<p>Pleanáil do sholáthar inbhuanaithe tithíochta aonair faoin tuath de réir an NPF tríd an bPlean Forbartha, ag féachaint don riachtanas féideartha do thithíocht aonair faoin Tuath mar atá leagtha amach sa HNDA chomh maith le beartas agus treoir náisiúnta agus réigiúnach atá ann cheana féin agus atá le teacht chomh maith le hinmharthanacht na mbailte beaga agus na lonnaithe tuaithe.</p>
PO15	<p>Tacú le forbairt tithíochta inbhuanaithe i gceantair thuaithe trí aonaid féin-thógála a chur chun cinn ar cheapacha tógála seirbhísithe de chuid na Comhairle, arna dtacú trí bhearta cuí agus lascaíní chun morgáistí féin-thógála inacmhainne a chumasú do theaghlaigh incháilithe.</p>
PO16	<p>Tacú le dearadh ardchaighdeán i dtithíocht nua agus tithíocht a chur chun cinn atá tarraingteach, sábháilte agus inoiriúnaithe do riachtanais na dteaghlach atá ann agus a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear méideanna na dteaghlach amach anseo. Tacóidh an Chomhairle freisin le modhanna tógála nuálaíochta chun tithíocht inbhuanaithe sholúbtha a sholáthar.</p>

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
 Straitéis Tithíochta agus HNDA Chontae agus Chathair Luimnigh

PO17	<p>Tacú le comhfhorbairt áiteanna tarraingteacha bríomhara trí athchóiriú agus athúsáid tithíochta atá imithe as feidhm, atá folamh agus tréigthe. Spreagfaidh an Chomhairle tithíochta folmha a thabhairt chun n-úsáide ar bhealaí éagsúla lena n-áirítear tobhach láithreáin folmha a chur i bhfeidhm de réir an Achta um Athghiniúint Uirbeach agus Tithíocht 2015 agus bearta ceannaigh éigeantaigh a úsáid nuair is gá. Cuirfidh an Chomhairle tionú maoinne folmha go tithíochta sóisialta agus inacmhainne nua chun cinn trí scéimeanna lena n-áirítear an Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe, an Scéim Ceannaigh agus Athnuachana, agus léasú fadtéarmach. Féachfaidh an Chomhairle leis na scéimeanna seo a chur chun cinn agus spreagadh a thabhairt d'úinéirí maoinne folmha leas a bhaint as na scéimeanna seo, go díreach nó i gcomhoibriú le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta.</p>
PO18	<p>Dearadh agus seachadadh tithíochta atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus tíosach ar fhuinneamh a chur chun cinn, lena n-áirítear trí athchóiriú agus uasghrádú an stoic atá ann cheana féin. Tacóidh an Chomhairle le dearadh tithíochta a chuidíonn le hathléimneacht aeráide agus le maolú aeráide, lena n-áirítear modhanna nuálacha tógála ísealcharbóin agus laghdú ar fhuinneamh corpraithe i dtithíochtaí nuathógtha.</p>
PO19	<p>Tacú le soláthar cóiríochta sainthógtha do mhic léinn i suíomhanna oiriúnacha agus dearadh cuí (lena n-áirítear áiseanna pobail imleor agus spás comhoibrithe seachtrach) mar atá leagtha amach sa Phlean Forbartha, chun freastal ar an éileamh ar thithíocht do mhic léinn de réir an Straitéis Náisiúnta um Chóiríocht do Mhic Léinn (2017) agus aon nuashonrú ina dhiaidh sin. Cuirfear in aghaidh iarratais ar athrú úsáide ó thithíocht mac léinn go haon chineál eile tithíochta gan léiriú imleor go bhfuil ró-sholáthar tithíochta do mhic léinn ann.</p>
PO20	<p>Tacú le soláthar tithíochta ar ardchaighdeán a oireann do riachtanais an Lucht Siúil agus chun an Clár Cóiríochta don Lucht Siúil de chuid Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh 2019-2024 (lena n-áirítear trí fhreastal ar riachtanais tithíochta 105 teaghlach thar thréimhse an Chláir) agus Cláir ina dhiaidh sin.</p>
PO21	<p>Leanúint ar aghaidh ag tacú le bealaí chun easpa dídine a chosc agus bealaí amach as an easpa dídine a sholáthar do theaghlaigh (lena n-áirítear tionóntachtaí nua tithíochta ar Thús de réir an Plean Forfheidhmithe Náisiúnta um tús Áite do Thithíochta), ag obair i gcomhar le comhlachtaí poiblí agus deonacha agus leis an rialtas láir. Tacóidh an Chomhairle le bearta chun easpa dídine a chosc, agus go háirithe easpa dídine teaghlaigh, leanaí agus daoine óga, trí idirghabháil luath spriocdhírthe dóibh siúd atá i mbaol a bheith gan dídean. Oibreoidh an Chomhairle freisin le FSS, le comhlachtaí deonacha, agus le comhlachtaí eile chun tacú le riachtanais sláinte daoine gan dídean agus chun oibriú chun cosc a chur ar dhaoine faoi mhíchumas agus le riachtanais chasta a bheith gan dídean.</p>
PO22	<p>Tacú le monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach ar an HNDA de réir mar is cuí de réir aon treorach atá le teacht ar mhodheolaíocht HNDA arna eisiúint ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.</p>

Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh
Straitéis Tithíochta agus HNDÁ Chontae agus Chathair Luimnigh

PO23	Oibriú leis an Rialtas Láir, le Gníomhaireachtaí Stáit ábhartha, le AHBanna, agus le comhlachtaí eile chun tacú le soláthar tithíochta cuí d'iarrthóirí tearmainn agus do dhídeanaithe i Luimneach de réir riachtanas aitheanta, agus chun tacú le céimniú amach agus athsholáthar an chórais um Sholáthar Díreach de réir a chéile le beartas agus ceanglais náisiúnta.
------	--